Ireland, said "this funding allows our Technology Gateway the opportunity to purchase new technologies in areas such as augmented and virtual reality, mobile robotics and moulding. Successful applicants have a proven track record in industry engagement, and the new equipment will assist in increasing their interaction with industry and add value to the SME sector in Ireland."

## Empower Women's Entrepreneurship Programme to be Rolled Out to Three More Counties

EMPOWER, the women's entrepreneurship programme delivered in GMIT's Innovation Hubs to women in Galway, Mayo and Roscommon, was allocated over €300,000 in funding to extend delivery of the successful programme to counties Sligo, Donegal and Leitrim.

The funding was part of an overall €1.5m budget allocation to promote gender equality and migrant integration. It was announced earlier this week by the Minister for Justice and Equality Charlie Flanagan and David Stanton, TD, Minister of State at the Department of Justice and Equality with responsibility for Integration, Immigration and Equality, for a total of five female entrepreneurship projects providers (EMPOWER being one) across the country.

EMPOWER is currently delivered in the west of Ireland by GMIT iHubs and is managed by Maria Staunton, who says: "This new funding means that EMPOWER will be able to increase its footprint to include Sligo, Donegal and Leitrim. It means we can now also deliver this innovative programme to women through our partner institutes in the Connacht-Ulster Alliance (CUA) - IT Sligo and Letterkenny IT.

"We set up EMPOWER back in 2017 in response to demand in the region and have since been inundated with requests from women seeking to undertake this programme. Sixty-four businesses have been set up by women who completed the course, with 146 people employed full-time in these businesses and seven part-time. Third-level qualifications are held by 94% of the programme participants. We therefore decided to submit another application for EMPOWER and were awarded the funding. We are looking forward to rolling it out to women from the three additional counties."

The EMPOWER Programme has two components. EMPOWER Start, for females with an early stage idea or in business, was designed to test innovative ideas for market acceptance .

EMPOWER Growth focused on women who are already in business (2 years +) and are looking to scale and grow by providing support from peers, mentors and role models.

## Cuireann CCU Fáilte Roimh Chomhairleoirí Seachtracha chun Tacaíocht a Thabhairt dá Tionscadal um Acmhainn Foghlama Solúbtha agus Digití

Tá acmhainn foghlama digití agus solúbtha na bhfoirne agus na neach léinn de chuid na Chomhghuaillíochta Connacht-Uladh (CCU) de GMIT, LYIT agus IT Shligigh á tógáil ar na hocht gcampas dá gcuid san Iarthar agus san Iarthuaisceart d'fhonn na coinníollacha a chomhlíonadh lena bheith ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta (OT).

Tá €2.8m deonaithe don 'Tionscadal Deiseanna Nuálacha ag Bunathrú Oideachais', ar a dtugtar iNOTE faoin gCiste Nuálaíochta agus Bunathraithe Oideachais an Údaráis um Ard-Oideachas chun na roghanna solúbtha foghlama nua seo a fhorbairt sna trí institiúid. Déanann Tionscadal iNOTE ailíniú leis na príomhspriocanna córais don Chóras Ardoideachais 2018-2020 agus is freagairt dhíreach orthu iad.

Ag cruinniú de Choiste Stiúrtha iNOTE in Oifigí an ÚAO, Baile Átha Cliath, d'fhógair an fhoireann tionscadail go raibh triúr sainchomhairleoirí sheachtracha tar éis dul ar an gcoiste – an Dr Jim Murray, Stiúrthóir Gnóthaí Acadúla, ÚAO, an Dr Terry McGuire, Stiúrthóir an Fhóraim Náisiúnta d'Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama, agus Marie Lyons, Leas-Uachtarán USI do Réigiún na Teorann, Lártíre & an Iarthair.

Deir an Dr Seán Duffy, Bainisteoir Tionscadail LYIT agus CCU agus Ceann Tionscadal iNOTE: "Tá áthas orainn triúr comhairleoirí sheachtracha a bheith in éineacht linn a imreoidh príomhról i bhforbairt an tionscadail seo. Is fiontar é tionscadal comhoibritheach iNOTE ar mhórscála agus cuideoidh sé go mór le comhpháirtithe CCU chun na riachtanais is gá le bheith ina hOllscoil Teicneolaíochta a chomhlíonadh."

## Léiríonn Staidéar Nua atá á Stiúrú ag GMIT Leibhéil Ardaithe de Thruailleáin Sheasmhacha sna Grampair a Bhíonn Sáinnithe in Éirinn

Is speiceas íocónach iad grampair in aigéin an domhain.Tá siad i mbarr an slabhra bia freisin agus tá siad in ann truailleáin sheasmhacha a chomhdhlúthú go leibhéil an-arda, mar a léiríonn staidéar nua a rinne GMIT agus Foras na Mara.

Léirigh an staidéar atá foilsithe sa Marine Pollution Bulletin leibhéil an-arda de thruailleáin sheasmhacha i gceithre mhíol mhóra sháinnithe, a d'fhéadfadh a bheith níos airde ná an tairseach tocsaineachta agus ina chúis le héifeachtaí suntasacha sláinte. Ní heol cén ról a d'fhéadfadh comhdhlúthuithe arda de thruailleáin sheasmhacha a imirt ina gcúis fhéideartha báis.

Rinne foirne GMIT agus Fhoras na Mara anailís ar shamplaí de bhlonag as trí ghrampar a bhí sáinnithe i nGaillimh, Maigh Eo agus Port Láirge idir 2010 agus 2017, ceann acu a bhí torrach le féatas garthéarmach, a ndearnadh sampláil air freisin.

## CUA Welcomes External Advisers to Support its Flexible Learning and Digital Capability Project

The Connacht-Ulster Alliance (CUA) of GMIT, LYIT and IT Sligo are building the digital and flexible learning capability of staff and students in its eight campuses in the West and North West in its efforts to meet the criteria to apply for Technological University (TU) designation.

The 'Innovative Opportunities Transforming Education Project', known as iNOTE, has been awarded €2.8m funding under the Higher Education Innovation and Transformation Fund to develop these new flexible learning options in the three institutes. The iNOTE project aligns with, and will form a direct response to, the key system objectives for the Higher Education System 2018-2020.

At a meeting of the iNOTE Steering Committee in the THEA Offices, Dublin, the project team announced that three external expert advisers had joined the committee - Dr Jim Murray, Director of Academic Affairs, THEA, Dr Terry McGuire, Director, National Forum for the Enhancement of Teaching and Learning, and Marie Lyons, USI, VP for the Border, Midlands & Western Region.

Dr Seán Duffy, LYIT CUA Project Manager and iNOTE Project Lead, says: "We are delighted to have been joined by three external advisers who will play a key role in the development of this project. The iNOTE project is a large-scale collaborative undertaking and will greatly assist the CUA partners in meeting the requirements to become a technological university."

## New Study Led By GMIT Shows Elevated Levels of Persistent Pollutants in Killer Whales Stranded in Ireland

Killer whales are an iconic species in the world's oceans. They are also at the top of the food chain and able to concentrate persistent pollutants to very high levels, as shown by a new study carried out by GMIT and the Marine Institute.

The study, published in the Marine Pollution Bulletin, has shown very high levels of persistent pollutants in four stranded killer whales, which may exceed the toxicity threshold and can lead to significant health effects. The role that high concentrations of persistent pollutants may have played in their possible cause of death is not known.

The GMIT and Marine Institute teams analysed blubber samples from three killer whales stranded in Galway, Mayo and Waterford between 2010 and 2017, one of which was pregnant with a near-term foetus, which was also sampled.

Is annamh a bhíonn grampair sáinnithe cé go bhfeictear go minic iad in uiscí na hÉireann. Tugann na samplaí seo deis mhaith chun na creachadóirí uachtair seo a scagadh le haghaidh raon truailleán. Léirigh an staidéar bithbhailiú de 16 défheinilí polaclóirínithe (PCBanna), seacht lasairmhoillitheach bróimínithe agus 19 lotnaidicíd orgánaclóirín.

Sháraigh comhdhlúthuithe de PCBanna i ngrampar amháin, a bhí sáinnithe ag Dumha Thuama, Co. Mhaigh Eo, an tairseach tocsaineachta de 17mg/kg.

Dúirt an t-údar sinsearach Moira Schlingermann, neach léinn PhD ag GMIT: "Cé go bhfuil na comhdhlúthuithe seo ard, tá na torthaí íseal a bheag nó a mhór ó pheirspictíocht dhomhanda, go háirithe i gcomparáid leis na grampair ó chóstaí feadh an Aigéin Chiúin thoir-thuaidh atá an-éillithe."

Tugtar truailleáin oidhreachta ar na héilleáin seo, de bhrí gur táirgeadh iad blianta ó shin agus go maireann siad sna huiscí mara dár gcuid. Ba spéisiúil linn freisin truailleáin 'éiritheacha' – ceimiceáin nua a dearadh le deireanas agus a scaoileadh isteach sa chomhshaol s'againne, nach eol dúinn cén éifeacht a bhaineann leo." Beidh Moira ag iniúchadh comhdhlúthuithe de na truailleáin éiritheacha seo i raon de speicis míl agus deilfe mar chuid dá PhD.

Dúirt an Dr Philip White de chuid GMIT, a rinne maoirseacht ar chuid mhaith den obair seo i saotharlanna Fhoras na Mara in Órán Mór, Co. na Gaillimhe i gcomhar leis an Dr Brendan McHugh ó Fhoras na Mara: "Cé go bhfuil leibhéal na dtruailleán seasmhach orgánach sna samplaí seo ard, is gá a thabhairt faoi deara gur gá tuilleadh staidéir a dhéanamh ar cibé dochar a dhéantar ar shláinte an ainmhí d'fhonn cainníochtú a dhéanamh ar atáirgeadh, imdhíonsochta agus sláinte fhoriomlán na n-ainmhithe. Chuige sin, leanfaidh GMIT de bheith ag soláthar tacaíochta anailísíochta don tionscadal d'fhonn breis eolais a fháil ar na héifeachtaí a bhaineann le comhdhúile seasmhacha, chomh maith le comhdhúile éiritheacha, ar ábhar imní iad, ar an speiceas míl cáiliúil seo a bhfuil an-chion air."

Mheas an Dr Simon Berrow, comh-mhaoirseoir ag GMIT agus POF ar an nGrúpa Míolta agus Deilfeanna na hÉireann (WDG), atá ag páirtmhaoiniú an PhD seo: "Is iad carnadh na dtruailleán seasmhach agus a n-éifeacht ar atáirgeadh na n-ainmhithe seo an bhagairt fhadtéarmach gan amhras atá roimh na speicis deilfeanna agus muca mara in ár gcuid aigéan. Caithfidh muid gach atá ar ár gcumas a dhéanamh chun cosc a chur leis na substaintí seo dul isteach sa chomhshaol mara agus sa slabhra bia, de bhrí a luaithe a théann siad isteach ann go mbíonn sé dodhéanta beagnach iad a bhaint as."

Luaigh an Dr Ian O'Connor de chuid an Lárionad Taighde Mara agus Fionnuisce ag GMIT: "Tá ríméad orm go bhfuil an saothar seo foilsithe. Seasann sé do leanúnachas an chomhoibrithe taighde atá ar siúl le fada le Foras na Mara agus an IWDG atá dírithe ar bhithéagsúlacht mara a chaomhnú trí fhreagairt na speiceas uisce ar thionchar daoine agus strusairí comhshaoil a mheasúnú."

Killer whales, though frequently sighted in Irish waters, rarely strand. These samples provide a great opportunity to screen these top predators for a range of pollutants. The study showed bio-accumulation of 16 polychlorinated biphenyls (PCBs), seven brominated flame retardants and 19 organochlorine pesticides.

Concentrations of PCBs in one killer whale, stranded at Doohoma, Co Mayo, exceeded the suggested toxicity threshold of 17mg/kg.

Senior author Moira Schlingermann, a PhD student at GMIT, said that "although these concentrations are high, the results are relatively low from a global perspective, particularly in comparison to the highly contaminated transient killer whales from coasts along the north-east Pacific Ocean".

"These contaminants are known as legacy pollutants, as they were produced decades ago and still persist in our marine waters. We are also interested in 'emerging' pollutants - new chemicals that have only recently been designed and released into our environment, and whose effects we do not yet understand". Moira will be exploring concentrations of these emergent pollutants in a range of whale and dolphin species as part of her PhD.

Dr Philip White of GMIT, who supervised much of this work in the Marine Institute laboratories in Oranmore, Co Galway in conjunction with Dr Brendan McHugh from the Marine Institute, said that "while the levels of persistent organic pollutants in these samples are high, it must be noted that whatever toll it takes on the animal's health must be further studied in order to properly quantify the effect on reproduction, immunosuppression and the overall health of the animals. To this end, GMIT will continue to provide analytical support to the project in the hopes of gaining a greater knowledge of the effects of persistent, as well as new and emerging, compounds of concern on this renowned and much-loved whale species'.

Dr Simon Berrow, co-supervisor at GMIT and CEO of the Irish Whale and Dolphin Group (IWDG), who are part-funding this PhD, suggested "the build-up of persistent pollutants and their effects on these animals reproduction are undoubtedly the biggest long-term threat they and species of dolphin and porpoise face in our oceans. We have to do everything we can to prevent these substances entering the marine environment and the food chain, because once in it, they will be almost impossible to remove."

Dr Ian O'Connor of the Marine and Freshwater Research Centre at GMIT stated: "I am delighted that this work has been published. It represents a continuation of our long running research collaboration with the Marine Institute and the IWDG focused on conserving marine biodiversity by assessing the response of aquatic species to human impacts and environmental stressors."

## Iniúchann Taighdeoirí GMIT Ealaín na Seitheadóireachta Eiticiúla in Oideachas Eolaíochta Muirí

Tá maoiniú bronnta ar GMIT ag Comhairle Taighde na hÉireann chun tionscadal spreagúil eolaíochta for-rochtana a fhorbairt ar sheitheoireacht eiticiúil (ainmhithe a fuarthas marbh a líonadh agus a chaomhnú) chun feasacht a mhéadú ar éifeachtaí truailleáin ar éin mhara.

Tá mar aidhm ag an tionscadal, 'Ealaín na seitheadóireachta eiticiúla in oideachas eolaíochta muirí', úsáid a bhaint as teicnící nua a chomhcheanglaíonn ealaín agus eolaíocht chun aird a tharraingt ar na fadhbanna a bhíonn roimh éin mhara ina dtimpeallacht níos leithne. Beidh foireann ildisciplíneach i gceist, ealaíontóirí, seitheadóirí cláraithe agus na meáin, agus iad á dtreorú ag an Dr Katie O'Dwyer, léachtóir in Éiceolaíocht Uisce, Roinn na nEolaíochtaí Nádúrtha.

Cuimsithe san fhoireann tá Donal Mulcahy de chuid Glenameade Taxidermy agus Aurelien McEvoy-Jean de chuid East Coast Taxidermy, bitheolaí muirí agus ealaíontóir Sabine Springer, léiritheoir meán Peter Cutler agus eolaí GMIT Andrew Power, iad beirt as Crow Crag Productions, agus eolaithe GMIT na Drí Katie O'Dwyer, Ian O'Connor agus Heidi Acampora, agus iad uile bunaithe sa Lárionad Taighde Muirí agus Fionnuisce i gcampas GMIT ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

Deir an Dr Katie O'Dwyer: "Tá áthas orainn an deis seo a bheith againn foireann chruthaitheach a thabhairt le chéile chun an tionscadal nua oideachasúil seo a dhéanamh. Chuir raon d'fhadhbanna a rinne an duine isteach ar na héin mhara a bheidh á n-úsáid againn ina dtimpeallacht nádúrtha, ar a n-áirítear truailliú plaisteach, truailliú ola agus fearas iascaireachta caillte."

"Trí thaispeántais a spreagann smaoineamh a chruthú ar bhás na n-ainmhithe, tá beartaithe againn caomhnú thimpeallacht na mara a chur chun cinn. Mar chuid den tionscadal, déanaimid físeán a aibhsíonn fadhbanna leanúnacha atá roimh éin mhara, mar aon le próiseas na seitheadóireachta eiticiúla agus a fheidhm in oideachas eolaíochta muirí."

"Trí na fadhbanna seo a aibhsiú trí mheán na healaíne agus na meán, tá súil againn léargas éigin a chaitheamh ar na réimsí tosaíochta ar a bhfuil Spriocanna Forbracha Inbhuaine na Náisiún Aontaithe dírithe."

## Déanann GMIT an Bhaisc Dheiridh Scáthlán Aghaidh a Sheachadadh

Cé go bhféadfadh doirse an champais a bheith druidte, leanann an obair ar aghaidh. Le linn na n-aon seachtain déag ghearra seo caite, cuireadh dúshláin roimh fhoireann GMIT ar bhealaí eisceachtúla. Bhí orthu dul in oiriúint do bhealaí nua teagaisc agus measúnuithe ar líne, le linn dóibh a bheith gafa freisin sa chúlra ag tacú leis an troid in aghaidh COVID-19. Tugadh faoi roinnt tionscnamh ar a n-áirítear lárionad teagmhála rianaitheachta a oscailt, aerálaithe foinse oscailte a fhorbairt den chéad uair, le cois clúdaigh aghaidhe a tháirgeadh.

## GMIT Researchers to Explore the Art of Ethical Taxidermy in Marine Science Education

GMIT has been awarded funding from the Irish Research Council to develop an exciting marine science outreach project on ethical taxidermy (stuffing and preserving animals found dead) to raise awareness of the effects of pollution on seabirds.

The project,'The art of ethical taxidermy in marine science education', aims to use new techniques marrying art and science to draw attention to issues facing seabirds in their wider environment. It will involve a multidisciplinary team of scientists, artists, registered taxidermists and media, led by GMIT's Dr Katie O'Dwyer, lecturer in Aquatic Ecology, Dept of Natural Sciences.

The team includes Donal Mulcahy of Glenameade Taxidermy and Aurelien McEvoy-Jean of East Coast Taxidermy, marine biologist and artist Sabine Springer, media producer Peter Cutler and GMIT scientist Andrew Power, both of Crow Crag Productions, and GMIT scientists Drs Katie O'Dwyer, Ian O'Connor and Heidi Acampora, all based at the Marine and Freshwater Research Centre in GMIT's Dublin Road campus.

Dr Katie O'Dwyer says: "We are very excited to have the opportunity to bring together a very creative team to produce this novel educational project. The seabirds we will be using were exposed to a range of man-made problems in their natural environment, including plastic pollution, oil pollution, and lost fishing gear."

"By creating thought-provoking displays highlighting the animals' demise, we plan to promote conservation of the marine environment. As part of the project, we will also produce a video highlighting ongoing issues facing seabirds, along with the process of ethical taxidermy and its application in marine science education."

"By highlighting these issues through art and media, we hope to shed some light on priority areas targeted in the United Nations Sustainable Development Goals: preventing and significantly reducing marine pollution, and sustainably managing and protecting marine and coastal ecosystems".

## GMIT Delivers Last Batch of Face Visors

While the campus doors may be closed, the work goes on. Over the last eleven short weeks, GMIT staff have been challenged in exceptional ways. Whilst having to adapt to new ways of teaching and assessing online, they have also been engaged in the background supporting the fight against COVID-19. Several initiatives undertaken have included the opening of a contact tracing centre, pioneering the development of open source ventilators, in addition to the production of face coverings.

Ba thionscadal ar leith sciatha aghaidhe a tháirgeadh – 'GMIT Project Visor' – arna threorú ag an Dr Brian de Souza agus Eddie Dunbar de chuid na Roinne Innealtóireachta Meicniúla agus Tionsclaíche. Agus éileamh gan choinne agus láithreach os a gcomhair ar Threalamh Cosanta Pearsanta (PPE), thug an tionscadal aghaidh i dtosach ar PPE a tháirgeadh do shuíomhanna cúraim phríomhúil sular cuireadh leis chun riachtanais Ospidéil Ollscoile na Gaillimhe (OOG) a chomhlíonadh. Agus iad ag obair ó champas Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus óna mbaile araon agus ó bhailte ar fud Cathair agus Contae na Gaillimhe, chóimeáil an bheirt léachtóirí, mar aon le hoibrithe deonacha GMIT agus a gclanna, breis is deich míle sciath aghaidhe.

"D'iarr muid foireann as laistigh de GMIT chun obair dheonach a dhéanamh don tionscadal i lár Aibreáin agus bhí iontas an domhain orainn leis an bhfreagairt. Bhí muid báite faoi na tairiscintí cabhrach a fuair muid," a deir Gerard Mac Michael, Ceann Scoil na hInnteoireachta GMIT. "Chuir an dea-thoil agus an bhraistint aontachta náire orainn."

"Laistigh de laethanta, bhí breis is 170 oibrí deonach againn, agus fuair muid roinnt tairiscintí tacaíochta ó ghnólachtaí áitiúla amhail Collins' Plastics i mBéal an Átha, a thairg a saoráid táirgthe plaisteach de 1,900 tr cr chun cabhrú leis an tionscadal, agus Standard Printers, Gaillimh, a thug dá gcuid saineolais, ábhar agus seirbhísí saor in aisce."

Agus í ag tagairt don tionscadal, deir Chris Kane Uas., Bainisteoir Ginearálta OOG: "Is dochreidte an tacaíocht a fuair muid ónár bpobal le linn na míonna seo thart. I mbeagán ama bhí orainn athrú ó bhun a dhéanamh ar an gcaoi ina ndearna muid cúram sláinte a sheachadadh agus chuile lá bíonn gá againn le líon mór PPE chun ár n-othair agus ár bhfoireann a chosaint. Tá muid an-bhuíoch dár bhfoireann agus de na hoibrithe deonacha as GMIT a tháirg sciatha aghaidhe dár gcuid ospidéal. Nuair a bhí géarghá agus dúbhshláin soláthair ann, rinne sé an-difríocht."

Chomh maith le OOG, cuireadh sciatha aghaidhe ar fáil do Chumann Radharceolaithe na hÉireann rud a chabhraigh chun radharceolaithe a athoscailt ar fud na tíúre. Tugadh sciatha aghaidhe freisin do charthanais áitiúla amhail Ability West, tithe altranais, cógaslanna agus lárionaid chúraim phríomhúil.

One particular project was the production of face shields – 'GMIT Project Visor' – led by Dr Brian de Souza and Eddie Dunbar of the Department of Mechanical and Industrial Engineering. Faced with unprecedented and immediate demand for Personal Protective Equipment (PPE), the project initially targeted the production of PPE for primary care settings before being subsequently expanded to meet the requirements of Galway University Hospitals (GUH). Working both from the Dublin Road campus and from homes all around Galway City and County, the two lecturers, together with GMIT volunteers and their families, assembled over ten thousand face shields.

"We initiated a call for staff within GMIT to volunteer for the project in mid-April and were astounded by the response. We were inundated with offers to help", says Gerard Mac Michael, Head of School of Engineering, GMIT. "The goodwill and sense of unity was humbling".

"Within days, we had over 170 volunteers, and received several incredible offers of support from local business such as Collins' Plastics in Ballina, who volunteered their 1,900 sq ft plastics production facility to assist the project, and Standard Printers, Galway, who donated their expertise, materials and services free of charge".

Commenting on the project, Ms Chris Kane, General Manager, GUH, says; The support of our community has been incredible over the past few months. In a very short amount of time we've had to completely change the way we deliver healthcare, and every day we need a large volume of PPE to protect our patients and our staff. We are very grateful to the staff and volunteers from GMIT who produced face shields for our hospitals. At a time of great need and supply challenges, it made a huge difference."

In addition to GUH, GMIT face shields have been supplied to the Association of Optometrists, Ireland, assisting with the safe reopening of opticians across the country. Face shields have also been supplied to local charities such as Ability West, nursing homes, pharmacies and primary care centres.

# 3.3 Idirnáisiúnú

## Tá an tEolaí Idirnáisiúnta Spóirt an tOllamh Tim Gabbett chun Seimineár & Ceardlann a Sheachadadh in GMIT

Tabharfaidh an t-eolaí agus taighdeoir spóirt, an tOllamh Tim Baggett, a bhfuil cáil dhomhanda air, seimineár agus ceardlanna ar na topaicí 'Pain to Performance' agus Train Smarter and Harder'. Tá na himeachtaí á n-eagrú ag John Duggan, léachtóir ar an BSc (Onór) Eolaíocht agus Aclaíocht Spóirt, agus an Dr Lisa Ryan, Ceann Roinn na nEolaíochtaí Nádúrtha in GMIT.

Déanfaidh an tOllamh Gabbett plé faoi na modhanna traenála is déanaí le haghaidh lúthchleasaithe a gcuireann pian nó gortú as dóibh, agus faoin bpróiseas is gá chun go mbainfidh siad lán-fheidhmíocht amach.

Tá taithí 20 bliain ag an Ollamh Tim Gabbett agus é ag obair mar eolaí feidhmeach spóirt le lúthchleasaithe agus cóitseálaithe as raon leathan spóirt. Tá PhD aige i bhFiseolaíocht Dhaonna (2000), agus baint ar leith aici leis na héilimh fhisiceacha, cosc ar ghortaithe, agus fáil scileanna. Rinne sé obair le scoth-lúthchleasaithe idirnáisiúnta le linn roinnt Cluichí Commonwealth (2002 agus 2006) agus Cluichí Oilimpeacha (2000, 2004, agus 2008). Leanann sé de bheith ag obair mar chomhairleoir eolaíochta agus cóitseála spóirt le haghaidh roinnt foirne ardfheidhmíochta ar fud an domhain. Tá breis is 250 alt piara-athbhreithnithe foilsithe ag Tim agus rinne sé láithreoireachtaí ag breis is 400 comhdháil náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá sé tiomanta do thaighde den chéad scoth a dhéanamh ar féidir é a chur i bhfeidhm san fhíordhomhan chun tairbhe do chóitseálaithe agus lúthchleasaithe ardfheidhmíochta.

*Tabharfaidh an tOllamh Tim Gabbett seimineár (30 Meán Fómhair) agus seimineár (1 Deireadh Fómhair) in GMIT.*



## Gnóthaigh an Taighdeoir GMIT an Dr Olga Lyashevska Ór agus Cré-Umha in Jiu-Jitsu agus Judo Brasaíleach

Tá baill foirne i Lárionad Taighde Mara agus Fionnuisce de chuid GMIT ag ceiliúradh an rath is déanaí a bhí ar a gcomhghleacaí an Dr Olga Lyashevska ag Craobh Domhanda Judo an Domhain sa Maroc, nuair a ghnóthaigh sí bonn cré-umha i nDeireadh Fómhair seo caite. Níos luaithe sa bhliain bhuaigh Olga bonn óir ag craobhacha Jiu-Jitsu Brasaíleach na hEorpa i mBarcelona sular sciob sí an bonn airgid i Lúnasa ag Craobhacha Máistir Jiu-Jitsu Brasaíleach an Domhain in Las Vegas.

# 3.3 Internationalisation

## International Sports Scientist Professor Tim Gabbett to Deliver Seminar and Workshop in GMIT

Internationally renowned sports scientist and researcher Professor Tim Gabbett will deliver a seminar and workshop on the topics 'Pain to performance' and 'Train Smarter and Harder'. The events are being organised by John Duggan, lecturer on the BSc. (Hons) Sports and Exercise Science and Dr Lisa Ryan, Head of the GMIT Department of Natural Sciences.

Professor Gabbett will discuss the latest training methods for athletes experiencing pain or injury, and the processes required to return them to peak performance.

Professor Tim Gabbett has 20 years' experience working as an applied sport scientist with athletes and coaches from a wide range of sports. He holds a PhD in Human Physiology (2000) and has completed a second PhD in the Applied Science of Professional Football (2011), with special reference to physical demands, injury prevention, and skill acquisition. He has worked with elite international athletes over several Commonwealth Games (2002 and 2006) and Olympic Games (2000, 2004, and 2008) cycles. He continues to work as a sports science and coaching consultant for several high-performance teams around the world. Tim has published over 250 peer-reviewed articles and has presented at over 400 national and international conferences. He is committed to performing world-leading research that can be applied in the real world to benefit high performance coaches and athletes.

*Professor Tim Gabbett will deliver a seminar (30 Sept) and seminar (1 Oct) in GMIT*

## GMIT Researcher Dr Olga Lyashevska Wins Gold, Silver and Bronze in Brazilian Jiu-Jitsu and Judo

Staff in GMIT's Marine and Freshwater Research Centre in Galway are celebrating the latest success of their colleague Dr Olga Lyashevska at the World Judo Championship in Morocco, where she won the bronze medal this October. Earlier in the year Olga was a gold medallist at the European Brazilian Jiu-Jitsu championships in Barcelona before scooping the silver medal in August at the World Masters Brazilian Jiu-Jitsu Championship in Las Vegas.

Chuaigh Olga le GMIT ceithre bliana ó shin mar staitisteoir éiceolaíoch agus scríobhann sí an cód chun patrúin spéisiúla nó spleáchais a léiriú i raon leathan sonraí. Tharraing a cuid anailísí agus mionsamhlacha ag an MFRC aird Gateway Teicneolaíochtaí Leighis agus innealtóireachta GMIT (MET), áit a bhfuil ról breise mar thaighdeoir forbartha sinsearach aici.


Is as an gCrimé ó thús d'Olga agus chuir sí tús le traenáil 15 bliain ó shin nuair a bhí sí ina neach léinn iarchéime san Ísiltír, áit ar ghnóthaigh sí an crios dubh sa judo gan ach cúig bliana a bheith caite aici ag traenáil. Tar éis cúig bliana eile ghnóthaigh Olga crios dubh sa jiu-jitsu, agus cáil mar chéile comhraic suntasach á tógáil aici i gcomórtais Eorpacha. Ní leor di a baint leis an iomaíocht sna healaíona míleata. Le linn na dtrí bliana go leith seo caite mhúin sí dhá rang in aghaidh na seachtaine i gcosaint jiu-jitsu ban ag giomnáisiam ealaíon míleata Point Blank Submissions na Gaillimhe.

"Dearg-ádh a bhí i gceist le jiu-jitsu agus judo a aimsiú. Níl a fhios agam cén chaoi a mbeadh ar mo shaol dá n-éagmais. Thosaigh sé go léir nuair a bhíos i mo neach léinn máistir in Eolaíochtaí Timpeallachta ag Ollscoil Wageningen. Bhí seachtain fhéin-teagaisc agam, rud a chiallaigh nach raibh na gnáthranganna ar siúl, ullmhúchán do na scrúduithe. Mar sin bhí breis ama le haghaidh spóirt. Le teann fiosrachta roghnaigh mé gníomhaíocht randamach ag lárionad spóirt na hollscoile agus bheartaigh triail a bhaint as. Scanrúil a bhí an chéad rang ach taitneamhach agus níor chuireas stop leis an traenáil ó shin."

Olga joined GMIT four years ago as an ecological statistician and writes the code to reveal interesting patterns or dependencies in a wide range of data. Her analyses and models at the MFRC caught the attention of GMIT's Medical and Engineering Technologies (MET) Gateway, where she has developed an additional role as senior researcher in data analytics.

Originally from Crimea, Olga started training 15 years ago when she was a postgraduate student in the Netherlands, and earned her black belt in judo after only five years of training. After another five years Olga won a black belt in jiu-jitsu, building a reputation as a serious opponent in European competitions. Her involvement in martial arts doesn't stop at competing. For the last three and a half years she has taught two classes a week in women's self-defence and jiu-jitsu at Galway's Point Blank Submissions martial arts gym.

"Finding jiu-jitsu and judo was pure luck. I don't know how my life would be without it. It all started when I was a master's student in Environmental Sciences at Wageningen University. I had a self-study week, meaning there were no regular classes, just preparation for the exams, so there was more time for sports. Out of curiosity I picked a random activity at the university sport centre and decided to give it a try. The first class was scary but fun and I haven't stopped training since".




*An Dr Olga Lyashevska ag Craobhacha Máistir Jiu-Jitsu Brasaíleach in LA 2019*

*Dr Olga Lyashevska at World Master Brazilian Jiu-Jitsu Championships in LA 2019*

## Forbairt agus Tacaíocht d'Fhiontraithe Mná

Is príomhthiomáinteoir í GMIT le tamall i dtaighde a dhéanamh agus acmhainní a tháirgeadh atá dírithe ar an nuálaíocht agus an fhiontraíocht a chur chun cinn ar fud phobail tuaithe na hEorpa, trí thionscadail iomadúla taighde Eorpacha agus idirnáisiúnta. Thaistil an Dr Lisa Ryan agus Maria McDonagh de chuid Roinn na nEolaíochtaí Nádúrtha, Scoil Eolaíochta agus Ríomhaireachta GMIT, chuig Timisoara na Rómáine chun ceann dá gCuid Tionscadal Eorpach reatha dar teideal 'Educate to Innovate: Developing and Sustaining Female Food Entrepreneurs' a chur i láthair, iarracht chomhoibritheach arna maoiniú ag Ciste Eorpach Erasmus+ Key Action 2.

Tá foireann GMIT ag obair i gcomhar le ceithre chomhpháirtí Eorpacha – Institiúid Oideachais Teicneolaíochta Bailtic (An Liotuáin), Confederazione Italiana Agricoltori Toscana (An Iodáil), Comunitatea Pentru Invatarea Permanenta (An Rómáin) agus an Lárionad Polainneach Comhairleach Feirme agus Oiliúna (An Pholainn) chun spriocanna an tionscadail a

## Developing and Supporting Female Food Entrepreneurs

GMIT has become a key driver in conducting research and producing resources aimed at boosting innovation and entrepreneurship across Europe's rural communities through numerous European and international research projects. Dr Lisa Ryan and Maria McDonagh of the GMIT Department of Natural Sciences, School of Science and Computing, travelled to Timisoara, Romania to present one of their current European projects called 'Educate to Innovate: Developing and Sustaining Female Food Entrepreneurs', a collaborative effort funded by the European Erasmus+ Key Action 2 Fund.

The GMIT team is working with four European partners - Baltic Education Technology Institute (Lithuania), Confederazione Italiana Agricoltori Toscana (Italy), Comunitatea Pentru Invatarea Permanenta (Romania) and The Polish Farm Advisory and Training Centre (Poland) to deliver the project's objectives. The main aim of the Educate to Innovate project is to develop and support the growth of female food entrepreneurs by equipping

sheachadadh. Is é céad aidhm an tionscadail Educate to Innovate ná fás fhiontraithe bia mná a fhorbairt agus tacú leo trí oideachasóirí Oideachais Ghairmiúil agus Oiliúna (VET) a threalamhú le treoraí oideolaíochta nuálaí agus uirlis acmhainne, arb iad príomh-aschuir an tionscadail. Cuirfidh na haschuir sin an t-eolas agus na hábhair ar fáil d'oiliúnóirí VET chun oiliúint fhiontraíoch atá dírithe ar mhná agus é faoi thionchar ag fiontraithe bia a fhorbairt.

Tá an tionscadal Educate to Innovate le bheith curtha i gcrích i Márta 2021 le raon imeachtaí agus gníomhaíochtaí taighde le linn na bliana dár gcionn. Beidh na himeachtaí sin ar siúl ar fud na hEorpa agus beidh an chéad cheann díobh ar siúl in Varsá na Polainne ar 22 Bealtaine 2020. Tá na himeachtaí sin ar oscailt dóibh siúd uile a bhfuil baint acu le hearnáil agrai-bia na hEorpa. Tá breis eolais le fáil faoin tionscadal Educate to Innovate ar: https//www.nurtureher.eu/ chomh maith le Twitter, Facebook agus Instagram.

Vocational Education and Training (VET) educators with an innovative pedagogy guide and resource tool, which are the main outputs of the project. These outputs will provide VET trainers with the knowledge and materials required to develop female-focused entrepreneurial training influenced and delivered by food entrepreneurs. In summary, we call this entrepreneurs helping to develop entrepreneurs.

The Educate to Innovate project is due to be completed in March 2021 with a range of research events and activities over the course of the next year. These events will take place throughout Europe with the first in Warsaw, Poland on 22 May 2020. The events are open to all those involved in Europe's agri food sector. For further information on the Educate to Innovate project please visit https://www.nurtureher.eu/ as well as Twitter, Facebook and Instagram.




*Baill den collóiciam Eorpach ar a n-áirítear an Dr Lisa Ryan agus Maria McDonagh, Roinn Eolaíochtaí Nádúrtha GMIT, agus iad ag freastal ar imeacht 'Educate to Innovate', atá á treorú, ag GMIT sa Rómáin.*

*Members of the European colloquium including GMIT's Dr Lisa Ryan and Maria McDonagh, Dept of Natural Sciences, attending the GMIT-led 'Educate to Innovate' event in Romania.*

## Leitir Fraic Roghnaithe le Saothar a chur ar Taispeáint ag Aonach Idirnáisiúnta Ardchlú

Roghnaíodh neacha léinn agus céimithe de chuid Lárionad Náisiúnta Barr Feabhais Leitir Fraic i nDearadh agus Teicneolaíocht Troscáin GMIT chun taispeántas a thabhairt ag ceann de na príomhthaispeántais troscáin agus soilsithe ar domhan – Aonach Troscáin Stockholm (4-8 Feabhra 2020).

Is neacha léinn/céimithe de chuid an Bhaitsiléara Eolaíochta (Onór) i nDearadh & Déantúsaíocht Troscáin ag campas Leitir Fraic iad Kay Woodcock as Leitir Fraic, Co. na Gaillimhe, Roscoe Holt, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo, Maciej Dubiel as Baile Mhathúna, Co. an Longfoirt, Conor Cremins, as Dún Laoghaire, Co, Bhaile Átha Cliath agus Declan Barrett as Cill Cuilinn, Co. Chill Dara.

Thaispeáin an grúpa a saothar sa roinn Greenhouse, áit a dtaispeánann dearthóirí éiritheacha agus príomhscoileanna deartha a gcuid oibre do chomhpháirtithe, táirgeoirí agus custaiméirí ionchasacha. Is iomaí príomhdhearthóirí an lae inniu a fuair a gcéad sárthaispeántas sa Greenhouse, agus bhí mar thoradh ar chéad taispeántas dearthóirí óga go ndeachaidh a dtáirgí ar aghaidh chun déantúsaíochta. Chun go roghnófaí iad don taispeántas, bhí ar shaothar na neach léinn dul faoi bhreithiúnas agus a bheith glactha ag painéal saineolaithe.

## GMIT Letterfrack Selected to Exhibit Work at Prestigious International Furniture Fair

Students and graduates of GMIT Letterfrack's National Centre for Excellence in Furniture Design and Technology have been selected to exhibit at one of the world's leading furniture and lighting exhibitions - the Stockholm Furniture Fair (4 – 8 February 2020).

Kay Woodcock from Letterfrack, Co Galway, Roscoe Holt, Claremorris, Co Mayo, Maciej Dubiel from Ballymahon, Co Longford, Conor Cremins from Dun Laoghaire, Co Dublin and Declan Barrett from Kilcullen, Co Kildare are students/graduates of the Bachelor of Science (Hons) in Furniture Design & Manufacture at the Letterfrack campus.

The group will exhibit their work in the Greenhouse section, where up-and-coming designers and leading design schools show their creations to future partners, producers and customers. Many of today's leading designers had their breakthrough showcase in the Greenhouse, and many young designers' debut there resulted in their products going into production. To be chosen for this exhibition, the students' work was judged and accepted by an international panel of experts.

Tar éis tacaíocht fhial ó Ambasáid na hÉireann in Stockholm, tugadh cuireadh do Leitir Fraic GMIT páirt a ghlacadh in ócáid Taidhleoireachta Deartha san ambasáid ar 5 Feabhra 2020. Is coincheap é seo a bhfuil tóir air, a seoladh ag Seachtain Deartha Helsinki 2016 agus a rinne turas ó shin chuig chathracha amhail Tokyo, Madrid agus Nua Eabhrac.

## Tá na Naisc Idir an Fhrainc agus Éirinn le Ceiliúradh ag Imeachtaí GMIT agus Franco-Éireannacha

### *Comórtas cócaireachta, béile le téama 'Meitheal' agus comhdháil ar thionscnaimh rathúla ar a n-áirítear Bealach Fiáin an Atlantaigh*

Bhí neacha léinn Francacha agus Éireannacha san iomaíocht i gcócaireacht mar chuid de thaispeántas cócaireachta agus oidhreachta ag Scoil Idirnáisiúnta Óstáin na Gaillimhe (GIHS) in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT). Rinne breis is 60 saineolaí sna hEalaíona Cócaireachta, Turasóireachta, agus Oidhreachta freastal ar an sárthaispeántas agus imeachtaí eile ar a n-áirítear comhdháil ar bhéile speisialta téamaithe, a raibh mar aidhm aige na naisc idir Éirinn agus an Fhrainc agus tíortha Frainciseora a cheiliúradh.

D'fhreastail comhpháirtithe Francacha agus Éireannacha agus móruaisle as Ambasáid na Fraince in Éirinn agus as Ambasáid na hÉireann sa bhFrainc ar an gcruinniú mar aíonna speisialta ag béile a réitíodh faoin téama 'Meitheal', an traidisiún Éireannach faoina dtagann daoine le chéile agus a n-oibríonn ar mhaithe le comhsprioc.

Tionóladh comhdháil in Aibreán a d'aibhsigh tionscnaimh rathúla, amhail Bealach Fiáin an Atlantaigh a fhorbairt. Bhí ceardlanna cócaireachta ann, ar a n-áirítear bealaí nuálacha chun crústaí a chócaráil (scuid, etc.) agus seisiúin taighde a thug tuairisc ar théamaí amhail úsáid na litríochta chun Éire a phoiblí mar cheann scríbe turasóireachta agus cruthú pas scileanna cócaire chun socrúcháin neacha léinn a éascú ar fud an AE.

D'eagraigh Scoil Idirnáisiúnta Óstáin na Gaillimhe, GMIT, na himeachtaí uile, le cabhair ó Ambasáid na Fraince in Éirinn. Fuarthas tacaíocht freisin ón gComhairle Náisiúnta Déiríochta (NDC) agus ó Centre National Interprofessionel de l'Economie Laitiere (CNIELL) – cóibhéis Fhrancach an NDC – do chomórtas an Chócaire Déiríochta.

Reáchtáladh na himeachtaí mar chuid den Fhóram Franco-Éireannach do na hEalaíona Cócaireachta, Fáilteachais agus Turasóireachta (FICAHT). Tá breis is 77 ball agus 39 comhpháirtí i líonra FICAHT ar an iomlán as institiúidí oideachais sa bhFrainc agus in Éirinn. Bhí mar aidhm aige intéirneachtaí agus soghluaisteacht neacha léinn a fhorbairt agus oiliúint do neacha léinn sna healaíona cócaireachta, bainistíocht óstáin agus turasóireacht.

*Ceann de na miasa a rinne craobhiomaitheoir neacha léinn GMIT i gcomórtas an Chócaire Déiríochta.*



Following on from the generous support of the Irish Embassy in Stockholm, GMIT Letterfrack has also been invited to participate in the Design Diplomacy event in the embassy on 5 February 2020. This is a popular concept that was launched at Helsinki Design Week 2016 and has since toured in cities such as Tokyo, Berlin, Madrid and New York.

## France and Ireland Links to be Celebrated at GMIT and Franco Irish Forum Events

### *Cook-off competition, 'Meitheal'-themed meal and conference on successful initiatives including the Wild Atlantic Way*

French and Irish students will compete in a cook-off as part of a culinary and heritage showcase at the Galway International Hotel School (GIHS) in Galway-Mayo Institute of Technology (GMIT). Over 60 experts in Culinary Arts, Hospitality, Tourism, and Heritage will attend the showcase and other events including a conference and a special themed meal, which aim to celebrate and develop connections between Ireland, France and francophone countries.

French and Irish business partners and dignitaries from the French Embassy in Ireland and the Irish Embassy in France will also attend the gathering as special guests at a meal prepared around the theme of 'Meitheal', the Irish tradition where people come together and work at achieving a shared goal.

A conference highlighting successful initiatives, such as the development of the Wild Atlantic Way brand, will run from Thursday, 2 April to Saturday, 4 April. There will also be culinary workshops, including innovative ways of cooking cephalopods (squid, etc.) and research sessions reporting on themes such as the use of literature to promote Ireland as a tourism destination and the creation of a chef's skills passport to facilitate student placements across the EU.

All events are organised by the Galway International Hotel School, GMIT, with the help of the French Embassy in Ireland. Support is also provided by the National Dairy Council (NDC) and the Centre National Interprofessionnel de l'Economie Laitière (CNIEL) – the French equivalent of the NDC – for the Dairy Chef competition.

The events are run as part of the Franco-Irish Forum for Culinary Arts, Hospitality, and Tourism (FICAHT). The FICAHT network counts more than 77 members and 39 partners – mostly education institutions in France and Ireland. It aims to develop internship and apprenticeship mobility and training for students in culinary arts, hospitality management, and tourism.

*One of the dishes produced by a GMIT student finalist in the Dairy Chef competition.*

## Comhoibríonn Leitir Fraic le Páirtithe Leasmhara ar Mhapa Bóthair chun Tacú leis an Earnáil

*Dermot O'Donovan de chuid GMIT, Bainisteoir Tionscadail, Oideachais agus Foghlama Comhtháite Oibre (eWIL)*




B'ionann campas Leitir Fraic GMIT agus dearadh troscáin agus teicneolaíocht adhmaid ó 1987 i leith, agus iad ag obair le fiontair bheaga agus micrea- atá scaipthe go réigiúnach i réimsí amhail adhmadóireacht ailtireachta, déantús caibinéadachta., próiseáil painéil, déantús cistine, troscán saincheaptha, feistiú siopa agus táirgí siúinéireachta.

Le linn an ama sin, d'fhorbair an campas líonra de bhreis is 100 comhpháirtí tionscail in Éirinn agus thar lear. De réir taighde atá déanta ag GMIT, tá breis is 1,000 cuideachta ag obair san earnáil in Éirinn. Ag an bhFóram Tionscail ag Leitir Fraic GMIT roinnt blianta ó shin, tháinig GMIT, Fóram Scileanna Réigiúnacha an Iarthair (WRSF) agus ionadaithe tionscail ar chomhfhís chun mapa bóthair a fhorbairt agus an earnáil seo a chothú. Go luath ina dhiaidh sin, bunaíodh Líonra Déantúsaíochta Adhmaid agus Troscáin na hÉireann (IWFMN), a thug tosaíocht do cheithre phríomhphiléar straitéiseacha: Forbairt Tráchtálach, Dearadh agus Nuálaíocht, Scoth-Dhéantúsaíochta, Oideachas agus Oiliúint. Chuaigh an IWFMN ó neart go neart, iad ag eagrú dhá chomhdháil náisiúnta i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath agus raon eispéaras foghlama piara-le-piara agus oiliúint do bhaill an Líonra. Ó thús COVID-19, tá tacaíocht ghníomhach á tabhairt ag IWFMN dá gcuid ball ar líne.

Deir Dermot O'Donovan de chuid Choiste Stiúrtha IWFMN agus GMIT: "Nuair a tháinig COVID i Márta i mbliana, bhí an chuma air go bhféadfadh an obair go léir a rinneadh go dtí sin a bheith curtha ó mhaith. Ach ó shin i leith, tá an IWFMN tar éis tosú ar fhóram seachtainiúil a óstáil ar líne le baill an tionscail. Tá an fóram ceaptha le bheith oscailte agus cuiditheach, áit inar féidir le cuideachtaí foghlaim óna chéile agus taithí agus saineolas a chomhroinnt d'fhonn an lámh in uachtar a fháil ar na dúshláin atá roimh an earnáil."

Deir Paul Leamy, Ceann Roinne Leitir Fraic GMIT: "Cabhraíonn sé linne in GMIT fanacht i dteagmháil leis an tionscal; tá Anailís Riachtanais Oiliúna díreach críochnaithe againn leis an WRSF don earnáil. Is gá tuiscint agus freastal ar riachtanais foghlama obairbhunaithe na hearnála agus freastal ar na riachtanais sin ar mhodh seachadta solúbtha, rud is riachtanaí anois níos mó ná riamh. Maidir leis sin, tá tús curtha ag Leitir Fraic GMIT le tionscadal ar a dtugtar Oideachas agus Foghlaim Obair Chomhtháite (eWIL) atá dírithe ar chláir fhochéime a aistriú lena bheith obairbhunaithe agus iad ag bogadh i dtreo socrúchán oibre dhá bhliain. Déanfaidh an tionscadal eWIL iniúchadh ar dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil ar líne dóibh siúd atá lánfhostaithe."

## GMIT Letterfrack Works with Stakeholders on Roadmap to Support Sector

*GMIT's Dermot O'Donovan, Project Manager, Education and Work Integrated Learning (eWIL)*

GMIT's Letterfrack campus has been synonymous with furniture design and wood technology since 1987, working with regionally dispersed, small and micro enterprises in areas such as architectural woodworking, cabinetmaking, panel processing, kitchen manufacturing, bespoke furniture, shop fitting and joinery products.

In that time, the campus has developed a network of more than 100 industry partners in Ireland and abroad. Research carried out by GMIT estimates that more than 1,000 companies are operating in the sector in Ireland. At an industry forum at GMIT Letterfrack several years ago, a shared vision was reached by GMIT, Western Regional Skills Forum (WRSF) and industry representatives to develop a roadmap to support and nurture this sector. Soon after, the Irish Wood and Furniture Manufacturing Network (IWFMN) was formally established, prioritising four key strategic pillars: commercial development, design and innovation, manufacturing excellence, and education and training. The IWFMN has grown from strength to strength, organising two national conferences in Galway and Dublin and facilitating a range of training and peer-to-peer learning experiences for network members. Since the onset of COVID-19, the IWFMN has been actively supporting its members online.

GMIT's Dermot O'Donovan, a member of the IWFMN Steering Committee, says: "When COVID-19 arrived in March this year, it looked like all the work undertaken to date by the IWFMN might be compromised. However, since then the IWFMN has begun hosting a weekly online forum with industry members. The forum is designed to be open and constructive, where companies can learn from each other and share experiences and expertise to help overcome some of the challenges facing the sector."

Paul Leamy, Head of Department for GMIT Letterfrack says: "For GMIT, it helps us stay in touch with the industry; we have just completed a Training Needs Analysis with the WRSF for the sector. Understanding and meeting the work-based learning needs of the sector and meeting those needs in a flexible delivery mode is now more crucial than ever. In this regard, GMIT Letterfrack have initiated a project called Education and Work Integrated Learning (eWIL) which is focused on transitioning undergraduate programmes to become work-based as they move towards year-long work placements. The eWIL project will also explore online life-long learning opportunities for those in full-time employment."

D'éirigh leis an IWFMN ina n-iarratas ar mhaoiniú Forbartha Fiontair Teorann atá á bhainistiú ag Fiontraíocht Éireann, faoina bhforbrófar an líonra laistigh de shé chontae ar theorainn Thuaisceart Éireann. D'éirigh le Leitir Fraic GMIT freisin ina n-iarratas don Chiste Braisle Teicneolaíochta Réigiúnaí agus súil acu Bainisteoir For-rochtana Taighde agus Oideachas a bheith fostaithe go luath a bheadh ag obair in éineacht leis an IWFMN.

## Tá Áthas ar GMIT agus ar Choláiste Ceanadach an Chéad Chúrsa Fáilteachais Idirnáisiúnta a Thairiscint

Shínigh Scoil Idirnáisiúnta Óstáin na Gaillimhe de chuid GMIT agus St Lawrence College (SLC), Ontario, Ceanada, comhaontú nua comhaltúcháin a thabharfaidh tacaíocht don tionscal turasóireachta domhanda trí dhámhachtain fáilteachais idirnáisiúnta a thairiscint do neacha léinn Ceanadacha agus Éireannacha agus tús le bheith aige níos déanaí i mbliana.

Is cloch mhíle thábhachtach an cúrsa nua don dá choláiste ó shínigh GMIT agus SLC a gcéad Mheamram Tuisceana in 2017. Faoi láthair comhoibríonn an dá chomhpháirtí ar chúrsaí Ealaíne Comhaimseartha ag leibhéil fhochéime agus iarchéime.

Ligfidh an cúrsa nua do neacha léinn as SLC staidéar a dhéanamh i nGaillimh ar feadh aon seimeastar amháin agus do neacha léinn GMIT staidéar a dhéanamh ag campas Kingston, in Ontario ó 2021 ar feadh aon seimeastar amháin. Beidh neacha léinn SLC a dhéanann dioplóma i gCeanada go rathúil cáilithe chun a gcéim baitsiléara (L7) agus BA Onór (L8) a chur i gcrích i mBainistíocht Idirnáisiúnta Óstáin ag GMIT.

### *MT*

Ar 6 Iúil 2017, shínigh GMIT agus St Lawrence College, Ontario, Meamram Tuisceana chun tionscadail nua spreagúla a iniúchadh a rachadh chun tairbhe do bhaill foirne agus neacha léinn. Chomhaontaigh an chéad chomhaontú comhaltúcháin a死íníodh in 2018 le Scoil Deartha agus Ealaíon Cruthaitheach conairí le go bhféadfadh neacha léinn Ceanadacha a gcéim in Ealaín Chomhaimseartha a chur i gcrích in GMIT agus leanúint lena staidéar ar an MA i gCleachtas Cruthaitheach. In 2018, bhronn Rialtas na hÉireann Scoláireacht Idirnáisiúnta Acadúil Shoghluaisteach ar Scoil Idirnáisiúnta Óstáin na Gaillimhe chun tacú le dámhachtain nua i mBainistíocht Idirnáisiúnta Fáilteachais a fhorbairt. Tá taithí 50 bliain beagnach ag GMIT sa disciplín seo agus ba í an chéad Institiúid Teicneolaíochta a bhronn céim bainistíochta óstáin in Éirinn in 1977.

The IWFMN has recently been successful in an application for Border Enterprise Development funding managed by Enterprise Ireland, which will see it develop the network within the six counties bordering Northern Ireland. GMIT Letterfrack has also been successful with an application to the Regional Technology Cluster Fund and hopes to have a Research and Education Outreach Manager in place soon to work alongside the IWFMN.

## GMIT and Canadian College Pleased to Offer First Joint International Hospitality Course

GMIT's Galway International Hotel School and St Lawrence College (SLC), Ontario, Canada, have signed a new articulation agreement, which will support the global tourism industry by offering an international hospitality award to Irish and Canadian students and is due to begin later this year.

The new course marks an important milestone for both colleges since GMIT and SLC first signed a Memorandum of Understanding (MOU) in 2017. Both partners currently collaborate on Contemporary Arts courses at undergraduate and postgraduate levels.

The new course will allow students from SLC to study in Galway for one semester and GMIT students to study for one semester in SLC at their Kingston Campus in Ontario from 2021. SLC students who successfully complete their Diploma in Canada will be eligible to complete their bachelor degree (L7) and BA Hons (L8) in International Hotel Management at GMIT.

### *MOU*

On 6 July, 2017 GMIT and St Lawrence College, Ontario, signed a Memorandum of Understanding to investigate new and exciting collaborative projects that would benefit staff and students. The first articulation agreement signed in 2018 with the Galway School of Design and Creative Arts agreed pathways for Canadian students to complete their Contemporary Art degree in GMIT and continue their studies with the MA in Creative Practice. In 2018, Galway International Hotel School was awarded a Government of Ireland International Academic Mobility scholarship to support the development of a new award in International Hospitality Management. GMIT has almost 50 years' experience in this discipline and was the first Institute of Technology to award a hotel management degree in Ireland in 1977.

## Cuireann Uachtarán GMIT Fáilte Roimh Chuairt ó Cheann Misean na hAstráile go hEirinn

Chuir Uachtarán GMIT, an Dr Orla Flynn, fáilte roimh Cheann Misean na hAstráile go hÉirinn, Robert Owen-Jones Uas., chuig GMIT.

Bhí an tUas. Owen-Jones ar thuras dhá lá go Gaillimh agus é ag iarraidh deiseanna cultúrtha agus gnó le heagraíochtaí san iarthar a chruthú. Bhuail sé le bainistíocht GMIT, ar a n-áirítear an tAstrálach an Dr Rick Officer, Leas-Uachtarán do Thaighde agus Nuálaíocht GMIT.

*Robert Owen-Jones Uas., Ceann Misean na hAstráile go hÉirinn agus Uachtarán GMIT, an Dr Orla Flynn, sa phictiúr lasmuigh den Lárionad Taighde Mara agus Fionnuisce, ag campas na Gaillimhe an tseachtain seo*




Deir an Dr Orla Flynn, Uachtarán GMIT: "Ba phléisiúr é bualadh leis an Uas. Owen-Jones agus acmhainn iarthar na hÉireann a phlé, le méid na mbuanna agus cáilíocht bheatha atá againn."

Ina dhiaidh sin thug an tUas. Owen-Jones cuairt ar Chumann Tráchtála na Gaillimhe, áit ar bhuail sé le ceannairí gnó áitiúla agus cuideachtaí le naisc láidre Astrálacha ar a n-áirítear an fostóir áitiúil Siteminder. Bhuail sé freisin le grúpa de 50 Astrálach dúchasach a chónaíonn i nGaillimh agus san iarthar.

Tharla cuairt an Uas. Owen-Jones agus idirbheartaíocht ar siúl ag Rialtas na hAstráile maidir le comhaontú tradála leis an AE.

## €4.4m de Mhaoiniú Erasmus Mundus Bronnta ar Chuibhreannas GMIT agus AE le hAghaidh Chlár MSc i mBitheolaíocht Mara

Bronnadh €4.4m ar GMIT agus cuibhreannas comhpháirtithe Institiúidí Teicneolaíochta Eorpacha faoi Erasmus+ Key Achtion 1 AE – Comh-Chéimeanna Erasmus 2020 chun leanacht den Máistir Eolaíochta Idirnáisiúnta in Acmhainní Bitheolaíochta Mara a sheachadadh (IMBRSea). D'eagraigh 11 príomh-IíT Eorpacha an clár comh-mháistir dhá bhliain i réimse na n-eolaíochtaí mara. Tugann an Lárionad Eorpach d'Acmhainní Bitheolaíochta Mara (EMBRC) tacaíocht dó. Ba cheann de na 40 clár Máistir é seo as 100 iarratas a rinneadh i mbliana.

Tá an clár ardchlú seo á sheachadadh ag GMIT ó 2010, agus fáilte á cur aici roimh chéimithe ó gach cearn den domhan le haghaidh staidéir ar feadh dhá bhliain ag campas Lárionad Taighde Mara agus Fionnuisce (MFRC) na Gaillimhe (Bóthar Bhaile Átha Cliath). Faoi láthair tá 200 neach léinn iarchéime as breis is 35 tír sa chéad agus dara bliain den chlár. Tá gach ceann de na comhpháirtithe cuibhreannais ag forbairt conairí ar líne go hiomlán agus cumasctha chun cloí leis na treoirlínte náisiúnta agus idirnáisiúnta sláinte poiblí.

## GMIT President Welcomes Visit from the Australian Head of Mission to Ireland

The President of GMIT, Dr Orla Flynn, welcomed the Australian Head of Mission to Ireland, Mr Robert Owen-Jones, to GMIT.

Mr Owen-Jones was on a two-day trip to Galway seeking to build cultural and business opportunities with organisations in the west. He met with GMIT management including Australian native Dr Rick Officer, GMIT's VP for Research and Innovation.

*Mr Robert Owen-Jones, Australian Head of Mission to Ireland and GMIT President Dr Orla Flynn, pictured outside the GMIT Marine and Freshwater Research Centre, at the Galway campus.*

Dr Orla Flynn, President of GMIT, says: "It was a great pleasure to meet Mr Owen-Jones and discuss the potential the west of Ireland offers, with our strong talent pool and quality of life."

Mr Owen-Jones later visited Galway Chamber where he met with local business leaders and companies with strong Australian ties including local employer Siteminder. He also met a group of 50 native Australians who live in Galway and the west.

Mr Owen-Jones' visit comes as the Australian Government continues negotiations with the EU on a trade agreement.

## GMIT and EU Consortium Awarded €4.4m Erasmus Mundus Funding for International MSc in Marine Biology Programme

GMIT and a consortium of European Higher Education Institute partners have been awarded funding of €4.4 million under the EU Erasmus+ Key Action 1 - Erasmus Mundus Joint Master Degrees 2020 to continue delivery of the International Master of Science in Marine Biological Resources (IMBRSea). The two-year joint master's programme, organised by 11 leading European HEIs in the field of marine sciences, is supported by the European Marine Biological Resource Centre (EMBRC). IMBRSea was one of the 40 master's programmes awarded from 100 applications this year.

GMIT has been delivering this prestigious programme since 2010, welcoming graduates from all over the world to study for two years at the Galway (Dublin Road) campus Marine and Freshwater Research Centre (MFRC). Currently there are 200 postgraduate students from more than 35 countries in the first and second years of the programme. All consortium partners are currently developing fully online and blended learning pathways to follow national and international public health guidelines.

Cuimsíonn IMBRSea raon leathan ábhar a bhaineann le hacmhainní bitheolaíochta mara. Agus béim aige ar na próisis bitheolaíochta agus éiceolaíochta mara, nascann an clár orgánaigh mara agus staidéar timpeallachta le hábhair a bhaineann le polasaí agus pleanáil muirí. Sa chéad seimeastar d'fhreastail na neacha léinn ar cheann de shé ollscoil, agus sa dara bliain chuir siad i gcrích tréimhse taithí ghairmiúla le tionscal eNGOnna, taighde agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta eile.

## Scoil Óstáin Idirnáisiúnta GMIT Ainmnithe i Measc na 10 nInstitiúid Bainistíochta Fáilteachais ar Domhan

Tá cáil idirnáisiúnta ar GMIT as cúrsaí a bhaineann go hábhartha le tionscal a thairiscint do thionscal na Turasóireachta ó osclaíodh é in 1972. Ní ábhar iontais ar bith é a chloisteáil go bhfuil Scoil Idirnáisiúnta Óstáin na Gaillimhe áirithe i measc na 10 nInstitiúid Bhainistíochta Fáilteachais is Fearr ar domhan ag an bhfoilseachán domhanda Education.Com
https//www.theeducationmagazine.com/the-10-best-hospitality-management-institutes-of-2020/

Ba í an scoil seo an chéad Institiúid Ardoideachais in Éirinn chun céim i mBainistíocht Óstáin a thairiscint in 1977 agus ó shin i leith tháinig fás uirthi chun cúrsaí a thairiscint sna hEalaíona Cócaireachta agus sa Ghastranamaíocht, Bainistíocht Óstáin Idirnáisiúnta, Staidéar Oidhreachta, Bainistíocht Turasóireachta Idirnáisiúnta agus Bainistíocht Imeachtaí agus Caidreamh Poiblí.

Tá cáil idirnáisiúnta bainte amach ag an scoil trí chúrsaí a sheachadadh a bhaineann go hábhartha le tionscal a chuireann ar chumas na gcéimithe dul chun cinn i gceann de na tionscail is mó ar domhan. Rinneadh na cúrsaí go léir a fhorbairt le comhpháirtithe fiontair agus tá comhpháirteanna socrúcháin oibre creidiúnaithe acu uile. Cinntíonn sé sin go bhfaigheann na neacha léinn eolas riachtanach agus na scileanna chun go n-éireodh leo sa tionscal domhanda. Óstaíonn cuid mhaith cúrsaí aoi-léachtóirí agus máistir-ranganna ó chomhpháirtithe tionscail, rud a chinntíonn go bhfuil na neacha léinn eolach ar na treochtaí is déanaí agus forbairtí fiontair reatha. Tá poist cheannaireachta ag cuid mhaith ball foirne ar fud an domhain agus glacann siad páirt i stagiares bliantúla chun tacú lena gcuid oibre. Cuimsíonn roinnt cúrsaí cuairteanna idirnáisiúnta oideachais áit ina dtugann neacha léinn cuairt ar a macasamhlacha d'fhonn comhoibriú agus a dtuiscint ar an tionscal bheo seo a mhéadú.

Chuir Cáit Noone, Ceann Scoil Idirnáisiúnta Óstáin na Gaillimhe, fáilte roimh an aitheantas sin á rá:" Is fostóir domhanda é tionscal na turasóireachta agus cuireann cáilíocht ó Scoil Idirnáisiúnta Óstáin na Gaillimhe ildeiseanna ar fáil do chéimithe. Is clochán do roinnt neach léinn isteach i bpoist cheannaireachta, do roinnt eile is bealach isteach chun a bhfiontar turasóireachta féin a chur ar bun. Rachaidh roinnt céimithe le cláir chéimithe go rathúil le Dalata, Fáilte Éireann agus Ibec agus éireoidh leo a bheith ina gceannairí tionscail, rachaidh roinnt eile leis na hearnálacha iomadúla a ndéanann an tionscal seo a thairiscint, ar a n-áirítear óstáin, bialanna, forbairt táirgí

IMBRSea covers a wide range of subjects related to marine biological resources. With an emphasis on marine biological and ecological processes, the programme links biology of marine organisms and environmental studies with subjects in marine policy and planning. In the first semester students attend one of six universities, while in the second semester they complete a period of professional practice with industry, eNGOs, research and other stakeholders internationally.

## GMIT International Hotel School Named in Top 10 Hospitality Management Institutes Worldwide

GMIT has an international reputation for offering industry-relevant courses to the tourism industry since opening in 1972. It may come as no surprise to hear that The Galway International Hotel School in GMIT has been listed in the Top 10 Hospitality Management Institutes worldwide by global publication Education.Com
https://www.theeducationmagazine.com/the-10-best-hospitality-management-institutes-of-2020/

The school was the first Higher Education Institute in Ireland to offer a degree in Hotel Management in 1977 and since then it has grown to offer courses in Culinary Arts and Gastronomy, International Hotel Management, Heritage Studies, International Tourism Management and Event Management and Public Relations.

The school has developed an international reputation through delivering industry relevant courses that enable graduates to succeed in one of the world's largest industries. All courses are developed with enterprise partners and all have accredited work placement components. This ensures that students acquire essential knowledge and skills to thrive in this global industry. Many courses host guest lectures and masterclasses from industry partners, which ensures students are familiar with the latest trends and current enterprise developments. Many staff have held leadership positions across the globe and take part in annual stagiaires to support their work. Some courses include international education visits where students visit European counterparts to collaborate and deepen their understanding of this vibrant industry.

Cáit Noone, Head of the Galway International Hotel, welcomes this acknowledgement and adds "The tourism industry is a global employer and a qualification from the Galway International Hotel School provides graduates with multiple opportunities. For some this is a stepping-stone into a leadership career, for others it is an entry route to setting up their own tourism enterprise. Some graduates will successfully join graduate programmes with Dalata, Fáilte Ireland and IBEC and become industry leaders, some will join the many sectors this industry offers including hotels, restaurants, food product

bia, gnólachtaí turasóireachta, cuideachtaí imeachtaí, eagraíochtaí oidhreachta. Is iomaí rogha éagsúil atá ann. Sna blianta a chuaigh thart lean céimithe dá gcuid staidéir le roghanna iarchéime agus téann cuid ar aghaidh go múinteoireacht."

Dúirt Uachtarán GMIT, an Dr Orla Flynn: "Teastaíonn uaim comhghháirdeas a dhéanamh leis an bhfoireann iomlán ag Scoil Idirnáisiúnta Óstáin na Gaillimhe as an aitheantas seo a bhaint amach. Bhí fócas idirnáisiúnta i gcónaí ag an scoil agus líonra domhanda alumni, iad ag tacú le forbairtí straitéiseacha agus socrúcháin oibre creidiúnaithe. Mar shampla, níos luaithe i mbliana, fuair an scoil faomhadh ó Aireacht Oideachais na Síne chun comhoibriú le Gnáth-Ollscoil Lingnan chun BA Onór in Eolaíochtaí Cócaireachta agus Gastranamaíochta a chomhsheachadadh sa tSín, an t-aon dámhachtain dá leithéid in Éirinn. In 2018, ghnóthaigh an scoil scoláireacht shoghluaisteachta acadúil ó Rialtas na hÉireann chun tús a chur leis an bpróiseas a bhaineann le cúrsa nua i mBainistíocht Fáilteachais Idirnáisiúnta a chomhdhearadh le St Lawrence College in Ontario, agus cuirfear tús leis an gcúrsa i Meán Fómhair 2020. Don tionscal seo is bunriachtanach é dearcadh domhanda, agus gheobhaidh gach neach léinn é sin anseo in GMIT."

development, tourism businesses, event companies, heritage organisation, the options are many and varied. In the last decade graduates continue their studies with post graduate options and some progress to teaching."

President of GMIT, Dr Orla Flynn, says: "I want to congratulate the entire team at the Galway International Hotel School on achieving this recognition. The school has always had an international focus with a global alumni network, supporting strategic developments and accredited work placements. For example, earlier this year the school received approval from the Chinese Ministry of Education to collaborate with Lingnan Normal University in China to co-deliver the BA Hons in Culinary and Gastronomic Sciences, the only award of this type in Ireland. In 2018 the school won a Government of Ireland academic mobility scholarship to begin the process of co-designing a new International Hospitality Management course with St Lawrence College in Ontario, and this course will begin in September 2020. For this industry, a global outlook is truly essential, and students will receive that here at GMIT."

# 3.4 Comhoibrithe agus Comhghuaillíochtaí

## Cuireann Cuibhreannas CCU fáilte roimh chionroinnt de €90m mar thacaíocht le hOT a fhorbairt

Chuir Uachtaráin GMIT, IT Shligigh agus IT Leitir Ceanainn (Comhghuaillíocht Connacht-Uladh) fáilte roimh fhógra an Aire Stáit don Ard-Oideachas, Mary Mitchell-O'Connor TD, maidir le méadú de bhreis is €153 le haghaidh oideachais tríú leibhéal, ar a n-áirítear ciste ilbhliantúil de €90m chun cabhrú le forbairt agus cur chun cinn Ollscoileanna Teicneolaíochta. Bhí an cuibhreannas Comhghuaillíocht Chonnacht-Uladh ag obair le chéile d'fhonn bheith ina Ollscoil Teicneolaíochta ag freastal ar an iarthar agus ar an iarthuaisceart.

Ag labhairt dó ar son an Dr Brendan McCormack, Uachtarán IT Shligigh, agus Paul Hannigan Uas., Uachtarán IT Leitir Ceanainn, dúirt an Dr Michael Hannon, Uachtarán Gníomhach GMIT: "Is fógra tábhachtach cistithe é seo a chuideoidh le GMIT agus a cuid comhpháirtithe in CCU chun a n-uaillmhian a bhaint amach agus a bheith ina nOllscoil Teicneolaíochta. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don cheannaireacht a léirigh an tAire agus a cuid oifigeach agus iad ag tacú leis an sprioc náisiúnta straitéiseach seo. Is príomhphrionsabal a bhuntacaíonn le bunú Ollscoileanna Teicneolaíochta iad nascacht agus comhoibriú lena réigiún. Ba léir an comhoibriú sin le tamall ar fud earnáil an ardoideachais teicneolaíochta agus níos déanaí i bhforbairt thuarascáil an Líonra Taighde Ollscoile Teicneolaíche (TURN) a chuir bonn fianaise le haghaidh na hinfheistíochta seo de €90m ar fáil."

"Is é dearcadh GMIT go dtacaíonn ár bplean nua straitéiseach, a sheol an tAire níos luaithe i mbliana, le huaillmhian na hInstitiúide le bheith ainmnithe mar OT. Baineann tionchar digitithe go bunúsach le bheith ina OT chun feabhas a chur ar eispéaras an neacha léinn i dtimpeallacht ilchampais. Tá na comhpháirtithe sa CCU ag comhoibriú ar thionscadal iNOTE de €3m ar leith chun digitiú a sheoladh amach ar fud réigiún an iarthair agus an iarthuaiscirt. Le déanaí d'fhaomh GMIT a Creat Bunathraithe Digiteach, a mbeidh a thionchar le brath ag na neacha léinn sa bhliain acadúil seo."

## Gnóthaíonn foireann Gateway MET GMIT an duais tionscail is airde

Ghnóthaigh Teicneolaíochtaí Leighis & Innealtóireachta Gateway Fhiontraíocht Éireann (MET), atá bunaithe in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT), 'Duais 'Academic Contribution to Medtech' de chuid Cumann MedTech na hÉireann ag comhdháil agus

# 3.4 Collaborations and Alliances

## CUA Consortium welcomes €90m allocation to support TU development

The Presidents of GMIT, IT Sligo and Letterkenny IT (Connacht-Ulster Alliance) welcomed the announcement by the Minister of State for Higher Education, Mary Mitchell O'Connor TD, of an increase of over €153 million for tertiary education, including a multi-annual fund of €90 million to assist the development and progression of Technological Universities. The Connacht-Ulster Alliance consortium was working together in becoming a Technological University serving the west and north-west.

Dr Michael Hannon, Acting President of GMIT, speaking on behalf of Dr Brendan McCormack, President of IT Sligo and Mr Paul Hannigan, President of Letterkenny IT, says: "This is an important funding announcement that will assist GMIT and its CUA partners in realising its ambition of becoming a Technological University. I would like to acknowledge the leadership shown by the Minister and her officials in supporting this national strategic objective. A key principle underpinning the establishment of TUs is connectedness and collaboration with their region. This collaboration has been evident for some time across the higher education technological sector and more recently in the development of the Technological University Research Network (TURN) report that provided the evidence base for this €90M investment."




"From a GMIT perspective, our new strategic plan, launched by the Minister earlier this year, fully supports the institute's ambition to be designated as a TU. Fundamental to becoming a TU is the impact of digitalisation to enhance the student experience in a multi-campus environment. The CUA partners are collaborating on a separate €3m iNOTE project to roll out digitalisation across the west and north west region. Recently GMIT approved its own Digital Transformation Framework, the impact of which will be experienced by students this academic year."

## GMIT MET Gateway team wins top industry award

The Enterprise Ireland Medical & Engineering Technologies (MET) Gateway, based at Galway-Mayo Institute of Technology (GMIT), won the Irish MedTech Association 'Academic Contribution to Medtech Award' at the CEO Medtech Rising conference and awards ceremony in

searmanas duaiseanna Rising MedTech i gCathair na Gaillimhe. Rinne Cumann Medtech na hÉireann, Fiontraíocht Éireann agus IDA Éireann an ócáid a chomhóstáil agus thug i gceann a chéile ceannairí gnó domhanda agus saineolaithe idirnáisiúnta as MedTech agus sláinte dhigiteach.

Léiríonn Duais an Academic Contribution to Medtech leibhéal ard taighde nuálach teicneolaíochta leighis trí chomhoibriú le tionscal mar aon le hacmhainneacht tráchtála agus tionchar eacnamaíochta. Bhí an t-iarratas rathúil bunaithe ar chomhoibriú MET Gateway le CERENOVUS de chuid Johnson & Johnson, ceannaire i gcúram néarashoithíoch. Agus í á treorú ag na Drí Eugene McCarthy, Eleanor Rainsford, Liam Morris, Sharon Duffy de chuid GMIT agus Michael Gilvarry agus an Dr Ray McCarthy de chuid CERENOVUS, d'oibrigh an fhoireann i ndlúthchomhar leis an bhfoireann néara-idirghabhálach in Ospidéal Beaumont chun eolas nua a ghiniúint le breis tuisceana a fháil ar dhinimic téachtáin fola agus blocálacha ar chúis le géarstrócanna *ischemic* iad.

Agus comhgháirdeas á ghlacadh aici le Teicneolaíocht Gateway MET as an duais, dúirt Stiúrthóir Chumann MedTech na hÉireann Sinéad Keogh: "Is deis thábhachtach iad Duaiseanna MedTech na hÉireann chun an pobal MedTech a thabhairt le chéile agus aitheantas a thabhairt do neart mhoil MedTech domhanda na hÉireann. Cé go bhfuil an-chuid braislí MedTech dinimiciúla ag Éirinn i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus Sligeach, ba í Gaillimh a sheas amach ag MedTech Rising: Duaiseanna MedTech na hÉireann le trí cinn de na sé eagraíocht duaiseora bunaithe anseo. Baineann nuálaíocht agus comhoibriú go dlúth le rath MedTech agus is cúis ríméid dúinn gur ghnóthaigh Teicneolaíocht Leighis agus Innealtóireachta Gateway Duais an Academic Contribution to Medtech as an taighde a rinneadh i gcomhpháirt le CERENOVUS de chuid Johnson & Johnson.

## Mol Fiontraíochta Cruthaithí Nua le tógáil ag campas Chluain Mhuire GMIT

Chuir GMIT fáilte roimh dheontas Fhiontraíocht Éireann de €2.7m ó Chiste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh (REDF) le haghaidh Tionscadal Chomhoibriú CLG 'Creative Enterprise West' (CREW) atá bunaithe ag campas Ealaíon & Meán GMIT. Is é atá i gceist leis an tionscadal Mol Fiontair Chruthaithigh nua a thógáil ar an gcampas, agus athchóiriú ar roinnt spásanna inmheánacha sa bhfoirgneamh atá ann cheana féin, a bheidh nasctha leis an bhfoirgneamh nua.

Cuirfear tuilleadh leis an infheistíocht seo trí bhreis airgeadaithe de suas le €1.1m agus deontais chomhchineála substaintiúla ó raon comhpháirtithe ar a n-áirítear GMIT, Coimisiuún Forbartha an Iarthair (WDC), Lárionad Scannáin na Gaillimhe (GFC), Údarás na Gaeltachta agus TG4.

Cuireann an tionscadal cistiú ar fáil freisin chun bainisteoir agus foireann forbartha a fhostú a chuideoidh chun líonraí Fiontraíochta Chruthaithí a fhorbairt, deiseanna margaidh idirnáisiúnta a fhorbairt agus tacaíocht a chur ar fáil do

Galway city. The event was jointly hosted by the Irish Medtech Association, Enterprise Ireland and IDA Ireland and brings together the world's business leaders and international experts from MedTech and digital health.

The Academic Contribution to Medtech Award demonstrates a high level of innovative medical technology research through collaboration with industry in addition to commercial potential and economic impact. The successful application was based on MET Gateway's collaboration with Johnson & Johnson's CERENOVUS, a global leader in neurovascular care. Led by GMIT's Drs Eugene McCarthy, Eleanor Rainsford, Liam Morris, Sharon Duffy and CERENOVUS's Michael Gilvarry and Dr Ray McCarthy, the team worked closely with the neuro-interventional team in Beaumont Hospital to generate new knowledge to further understand the dynamics of blood clots and blockages that cause acute ischemic stroke.

Congratulating MET Technology Gateway on the award, Irish Medtech Association Director Sinead Keogh said: "The Irish Medtech Awards is an important opportunity to bring the MedTech community together and recognise the strength of Ireland's global MedTech hub. While Ireland has numerous dynamic MedTech clusters spanning Dublin, Cork, Limerick, Waterford and Sligo, it was Galway that stood out at MedTech Rising: The Irish MedTech Awards with three of the six winning organisations based there. Innovation and collaboration are central to MedTech success and we're delighted that the Medical and Engineering Technology Gateway won the Academic Contribution to Medtech Award for the research conducted in partnership with Johnson & Johnson's CERENOVUS."

## New Creative Enterprise Hub to be constructed at GMIT Cluain Mhuire campus

GMIT welcomed an Enterprise Ireland grant of €2.7m from the Regional Enterprise Development Fund (REDF) for the Comhoibriú CLG 'Creative Enterprise West' (CREW) project based at GMIT's Creative Arts & Media campus. The project involved the construction of a new Creative Enterprise Hub building on campus, and refurbishment of some interior spaces in the existing building, which will be linked to the new building.

This investment will be further enhanced by additional financing of up to €1.1m and substantial in-kind contributions from a range of partners including GMIT, the Western Development Commission (WDC), Galway Film Centre (GFC), Údarás na Gaeltachta and TG4.

The project also provides funding for the employment of a manager and development team who will help develop Creative Enterprise networks, develop international market opportunities and provide support for companies

chuideachtaí sa mhol nua CREW agus fiontair chruthaitheacha i moil eile ar fud an iarthair.

D'faomh Bord Rialaithe GMIT an Lárionad d'Ealaíona Cruthaitheacha & Meán (CCAM) le haghaidh infheistíochta de €3m. Beidh i gceist leis an infheistíocht seo foirgnimh atá ann cheana féin a athchumrú mar aon le foirgnimh nua chun freastal ar líon neach léinn ar an gcampas atá ag dul i líonmhaire.

Tugann an Lárionad do na hEalaíona Cruthaitheacha & na Meáin de chuid GMIT cláir chéime d'fhochéimithe i nDearadh agus conairí i mBeochan & Dearadh Cluichí,, Dearadh Grafach & Léiriúchán, Dearadh Tionsclaíoch, Teicstílí le Dearadh Faisin, Ealaín Chomhaimseartha le conairí in 2T (Péintéireacht, Priontáil & Grianghrafadóireacht) agus 3T (Ceirmeacht, Dealbhóireacht & Meáin Dhigiteach), agus Scannán & Clár Faisnéise le Stiúrthóireacht, Léiriúchán, Cineamatagrafaíocht, Fuaim, Eagarthóireacht, VFX, agus Dearadh Léiriúcháin. Déanann an lárionad MA iarchéime i gCleachtas Cruthaitheach a thairiscint freisin.

## Seolann GMIT branda nua a aontaíonn gníomhaíochtaí spóirt ar fud na gcampas uile den chéad uair

Nocht GMIT féiniúlacht spreagúil nua do na gníomhaíochtaí spóirt go léir i ngach campas, rud a thugann foirne neacha léinn agus daoine aonair le chéile faoi aon bhranda amháin den chéad uair i stair an choláiste: 'GMIT Falcons'.

Seoladh an branda nua go foirmiúil ag ócáid speisialta sa choláiste, agus neacha léinn ag caitheamh an fheistis agus dathanna nua le linn chur i láthair ón Dr Michael Hannon, Uachtarán Gníomhach GMIT, ag a raibh idir neacha léinn, bhaill foirne agus ionadaithe ó eagraíochtaí spóirt as an réigiún i láthair.

Go lárnach sa bhféiniúlacht nua tá an fabhcún, éan creiche a chuireann lúfaireacht, grástúlacht agus fíochmhaireacht in iúl, agus cuireann na leaganacha den dath gorm atá in uachtar gorm traidisiúnta armas Chonnacht i gcuimhne. Chuir neacha léinn agus baill foirne gártha móra astu nuair a nochtadh na feistis, an lógó agus na dathanna nua.

Is cuid é an branda nua den straitéis fhoriomlán spóirt atá á seoladh amach ag GMIT le linn roinnt blianta; ba chuid di comhghuaillíochtaí a rinneadh le clubanna áitiúla i ngarchomharsanacht le campais GMIT, cead pleanála faighte d'fhoirgneamh ilfhóinteach nua a dhéanann freastal ar riachtanais champais na Gaillimhe (Bóthar Bhaile Átha Cliath), agus pleananna le haghaidh saoráidí spóirt, áineasa agus oideachasúla a chur ar fáil ag tailte Muiríoch, ar le GMIT iad, gar don champas ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

Ag labhairt dó ag an seoladh, dúirt an Dr Michael Hannon, Uachtarán Gníomhach GMIT: "Tá an-áthas orm féiniúlacht nua le haghaidh Spóirt GMIT a chur in bhur láthair. Labhair Nelson Mandela faoin gcumhacht atá ag spórt chun tír a aontú. Is eol dúinn go léir an meas atá ar spórt i bpobail áitiúla sa tír seo, agus anseo in GMIT is pobal de na pobail sin muid – de roinnt mílte daoine as cúlraí agus le hábhair spéise éagsúla."

in the new CREW hub and creative enterprises in other hubs throughout the west.

The Centre for Creative Arts & Media (CCAM) was approved for investment of €3m by the GMIT Governing Body. This investment will involve the re-configuring of existing buildings and addition of new buildings to accommodate increasing student numbers at the campus.

GMIT Centre for Creative Arts & Media (CCAM) offers undergraduate degree programmes in Design with pathways in Animation & Game Design, Graphic Design & Illustration, Industrial Design, and Textiles with Fashion Design, Contemporary Art with pathways in 2D (Paint, Print & Photography) and 3D (Ceramics, Sculpture & Digital Media), and Film & Documentary with Direction, Production, Cinematography, Audio, Editing, Screenwriting, VFX, and Production Design. The centre also offers postgraduate MA in Creative Practice.

## GMIT launches new brand uniting sports activities across all campuses for the first time

GMIT unveiled an exciting new identity for its sports activities across all campuses, bringing student teams and individuals together under the one brand for the first time in the history of the college: 'GMIT Falcons'.

The new brand was formally launched at a special function in the college, with students wearing the new kit and colours during a presentation by Dr Michael Hannon, Acting President of GMIT, attended by students, staff and representatives from sports organisations across the region.

Central to the new identity is the falcon bird of prey conveying agility, grace, speed and ferocity, while the predominant shades of blue echo the traditional blue of the Connacht coat of arms. GMIT students and staff responded enthusiastically when the new kits, logo and colours were unveiled.

The new brand forms part of an overall sports strategy which has been rolled out by GMIT over the past number of years; it has seen alliances formed with local clubs in the immediate vicinities of GMIT campuses, planning permission secured for a new multipurpose building serving sports and educational needs at the Galway campus (Dublin Road), and plans for the provision of sports, recreational and educational facilities at GMIT-owned Murrough lands near the Dublin Road campus, Galway.

Speaking at the launch, Dr Michael Hannon, Acting President of GMIT, said: "I am very pleased to present to you a new identity for GMIT Sports. Nelson Mandela spoke of the power of sport uniting a country. We all know the place of sport in local communities in this country, and here in GMIT we are a community of those communities – of several thousand people from diverse backgrounds and interests."

"Is minic go bhféachtar ar spórt mar analach don saol i gcoitinne. Nuair a léann tú athfhriotail ó réaltaí spóirt domhanda, ní bheadh iontas ort téamaí amhail inspreagadh, iarracht, obair chrua, cleachtadh a fheiceáil. Labhraíonn cuid mhaith ar theip nó chloí mar chomhábhair atá díreach chomh tábhachtach céanna chun an barr a bhaint amach. Iad siúd a ghlacann páirt i spórt tuigeann siad é sin go maith, ach baineann na teachtaireachtaí leis an uile dhuine chomh maith."

Dúirt an Dr Des Foley, Ceann na Scoile Eolaíochtaí agus Ríomhaireachta: "Is cuid de phlean níos leithne é an branda nua seo a thugann le chéile bonneagar spóirt agus spórt don uile dhuine, a mheallann lúthchleasaithe tréitheacha agus forbairt leanúnach clár acadúil agus a thógann comhpháirtíochtaí tríd an spórt."

Bhí 30 captaen ag GMIT mar ionadaithe foirne as an Institiúid uile ag an seoladh.

## Lárionaid Rianuithe Teagmhálaithe bunaithe ag GMIT i gcomhpháirtíocht leis an FSS

Chuir baill foirne GMIT tús le hobair (30 Márta) mar oibrithe deonacha rianaithe teagmhálacha i Lárionad Rianaithe Teagmhálaithe nuabhunaithe ar champas Bhóthar Bhaile Átha Cliath (Gaillimh), a cuireadh ar bun i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Tá obair ar bun chun Lárionad Rianaithe Teagmhálaithe eile a bhunú ar champas Mhaigh Eo de GMIT Chaisleán an Bharraigh.

Chuir oibrithe sláinte FSS oiliúint ar bhreis is 80 oibrí deonach le linn an dá sheachtain seo caite chun tús a chur le teagmhálacha a aimsiú díobh siúd a raibh tástáil dhearfach acu do COVID-19 agus chun na teagmhálacha sin a chur in iúl.

Thug GMIT tomhaltáin saotharlainne agus trealamh do roinnt ospidéal freisin.



*An Dr Séamus Lennon, GMIT, agus Brian Murphy, FSS*

## Foireann GMIT i gceannas ar fhorbairt aerálaí éigeandála beagchostais nua

Rinne baill foirne ag Scoil na hInnealtóireachta GMIT dearadh agus forbairt ar chineál nua aerálaí éigeandála gur féidir a tháirgeadh go gasta agus ar bheagán costais chun cabhrú le gairm an leighis i gcóireáil othar COVID-19.

Tá GMIT ar cheann d'fhoirne iomadúla, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, atá ag obair ar réiteach malartach ar an éileamh domhanda a bhfuil súil leis de bhrí faoi láthair gur féidir costas na mílte míle euro airgead síos a bheith ar aerálaithe teastastaithe.

"Déanann an t-aerálaí éigeandála nua seo fáisceadh go huathoibríoch ar an ngléas athbheochana láimhe Masc-Mála-Comhla (BVM), ionas gur féidir leis feidhmiú mar aerálaí bunúsach chun cabhrú le hanálú duine, nó macasamhlú a dhéanamh ar roinnt bunfheidhmeanna

"Sport is often viewed as an analogy for life in general. When you read famous quotes from world renowned sports stars, you would not be surprised to see themes like motivation, effort, hard work, practice. Many speak of failure or defeat as ingredients which are just as important to reach the pinnacle. For those who participate in sport, they can especially relate to this, but the messages are equally germane to everybody."

Dr Des Foley, Head of School of Science and Computing, said: "This new brand is part of a wider sports plan which brings together sports infrastructure and sport for all, attracting talented athletes, the continuing development of academic programmes and building partnerships through sport".

At the launch, GMIT had some 30 captains representing teams from across the institute.

## Contact Tracing Centres established in GMIT in partnership with HSE

GMIT staff commenced work on 30th March as contract tracing volunteers in a newly established contact tracing centre in the Dublin Road (Galway) campus, set up in partnership with the Health Service Executive (HSE). Work is also ongoing to operate another contact tracing centre in the Mayo campus of GMIT in Castlebar.

Over 80 GMIT volunteers have been trained by HSE public health workers during the past two weeks to begin the work of establishing the contacts of those who have tested positive for COVID-19 and to communicate with those contacts.

GMIT has also donated laboratory consumables and equipment to a number of hospitals.

*Dr Seamus Lennon, GMIT and Brian Murphy, HSE*

## GMIT team lead development of new low-cost emergency ventilator

Staff at the GMIT School of Engineering designed and developed a new type of emergency ventilator that can be produced rapidly and inexpensively to assist the medical profession in the treatment of COVID-19 patients.

GMIT is one of numerous teams, nationally and internationally, working towards an alternative solution to the anticipated global demand as, currently, certified ventilators can cost tens of thousands of euro upfront.

"This new emergency ventilator automates the squeezing of a manual Bag-Valve-Mask (BVM) resuscitator, so that it can act as a rudimentary ventilator to aid a person breathing, or to replicate some basic ventilation

aerálaithe," a mhíníonn an Dr Oliver Mulryan, GMIT. "Dearadh an córas as ábhar léasar-ghearrtha, bithghráid, atá ar fáil go héasca, ionas gur féidir é a thógáil in áit ar bith ag duine ar bith mar rogha dheiridh más gá."

"Ar deireadh, is é an sprioc atá againn feiste calabraithe (sruth, brú agus ocgaigin) foinse-oscailte a dhéanamh, ar feitheamh le faomhadh rialála agus rialtais. Beag beann ar an teastasú sin a fháil, déanfar roinnt aonad le haghaidh críocha taispeántais agus calabraithe, agus le haghaidh foghlama agus teagaisc fochéimithe innealtóireachta."

" I gcomhar le cuideachta áitiúil, Collins Plastics, tá fréamhshamhail bheagchostais forbartha againn agus tá próiseas ar siúl againn chun an fheiste a uathoibriú agus a rialú ionas gur féidir leis idirghníomhú leis an lia agus an othar le haghaidh análáithe chuidithe."

"Go minic is neamh-inmharthana iad tionscadail shimplí i ngeall ar an gcostas a bhaineann le ceadúnais a cheannach le haghaidh bogearraí chun córais uathoibrithe a chlárú. Theastaigh uainn é a dhéanamh indéanta do dhuine ar bith ár n-aerálaí a athchruthú. Dá bhrí sin, dearadh an córas aerálaithe le rialtáin bheagchostais gur féidir a chlárú agus bogearraí foinse oscailte á n-úsáid."

Tá ráite ag saineolaithe sláinte domhanda gur dóigh go dtarlóidh roinnt ráigeanna agus nár leor méadú mór i dtáirgeadh gnáthaerálaithe chun an t-éileamh domhanda a shásamh. Dealraíonn sé go bhféadfadh na costais a bhaineann leis a bheith ródhaor do roinnt daoine. Tá iarrtha ag rialtais ar fud an domhain ar dhaoine agus ghnólachtaí táirgeadh aerálaithe a mhéadú go mór, agus tá siad ag ordú aerálaithe mar chuid de na hiarrachtaí le cur in aghaidh an ghalair.

Dúirt Gerard Mac Michael, Ceann Scoil na hInnealtóireachta GMIT: "De ghnáth ba dhúshlán é, fiú agus an saol a bheith ar fheabhas, foireann a chur le chéile chun aerálaí a dhearadh agus a mhonarú laistigh de sheachtainí, ach is iontach ar fad é sin a bhaint amach le linn srianadh COVID-19 agus léiríonn sé tiomantas agus dúthracht bhaill foirne na hinnealtóireachta in GMIT mar aon le tiomantas Collins Plastics don tionscadal."

functions," explains Dr Oliver Mulryan, GMIT. "The system is designed out of bio-grade, readily available and laser cut material, so that it can be built anywhere or by anyone as a last resort if needed."

"Ultimately, our objective is to make the calibrated device (flow, pressure and oxygen levels) open-source, pending regulatory and governmental approval. Regardless of acquiring this certification, several units will be manufactured for demonstration and calibration purposes, and for undergraduate engineering learning and teaching."

"In conjunction with local company Collins Plastics, we have developed a low-cost prototype and we are in the process of automating and controlling the device so that it can interact with both the physician and patient for assisted breathing."

"Often the cost of purchasing licences for software to program automation systems makes simple projects unviable. We wanted to make it possible for anyone to recreate our ventilator. Therefore, the automation system was designed with low-cost controllers that can be programmed using open-source software."

World health experts have stated there are likely to be several waves of outbreaks and that a large increase in conventional ventilator production is still likely to fall short of the global demand. For some, the associated costs are also likely to be prohibitive. Worldwide governments have appealed to people and businesses to boost ventilator production, and are ordering ventilators as part of the efforts to combat the disease.

Gerard MacMichael, Head of the GMIT School of Engineering, said: "Putting a team together to design and manufacture a ventilator within weeks would normally be a challenge in the best of times, but to achieve this during the COVID-19 containment is extraordinary and is a reflection of the dedication and the enthusiasm of the GMIT engineering staff involved and Collins Plastics' commitment to the project."

## An Dr Seán Duffy ceaptha mar Cheannaire Feidhmiúcháin ar Chomhghuaillíocht Chonnacht-Uladh (CCU)

Chuir Uachtaráin Chomhghuaillíocht Chonnacht-Uladh (CCU) de GMIT, IT Shligigh agus IT Leitir Ceanainn fáilte roimh cheapachán an Dr Seán Duffy don phost mar cheannaire Feidhmiúcháin CCU agus an chomhghuaillíocht ag druidim i dtreo a bheith ina hOllscoil Teicneolaíochta (OT) don iarthar agus iarthuaisceart na hÉireann.

Déanfaidh an Dr Duffy, arbh as Sligeach ó thús dó, maoirseacht ar dhul chun cinn an tionscadail CCU trí bhreith leis ceannaireacht thiomanta, straitéiseach agus feidhmeannach laethúil chun go mbainfear uaillmhian CCU amach. Tá taithí 25 bliain i mbainistíocht oideachais ag an Dr Duffy san earnáil tríú leibhéal. Bhí sé ina Cheann ar Scoil na Turasóireachta ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT) ar feadh seacht mbliana. In 2018, ceapadh

## Dr Seán Duffy appointed Executive Project Lead of the Connacht-Ulster Alliance (CUA)

The Presidents of the Connacht-Ulster Alliance (CUA) of GMIT, IT Sligo and Letterkenny IT welcomed the appointment of Dr Seán Duffy to the position of CUA Executive Project Lead as the alliance proceeds towards becoming a Technological University (TU) for the west and north-west of Ireland.

Dr Duffy, originally from Sligo, will oversee the progress of the CUA project by bringing dedicated, strategic and executive day to day leadership to ensure the achievement of the CUA's ambition. Dr Duffy has over 25 years' education management experience in the third-level sector. He held the post of Head of School of Tourism at Letterkenny Institute of Technology (LYIT) for 11 years and

é ina Bhainisteoir ar Tionscadal CCU LYIT, agus é ag treorú Tionscadal iNOTE a raibh maoiniú de €2.85m aige ón Údarás um Ard-Oideachas, tionscnamh comhoibritheach chun deiseanna digiteacha nuálacha a fhorbairt a dhéanfaidh bunathrú ar an ardoideachas in Iarthar agus Iarthuaisceart na hÉireann.

Agus é ag trácht ar a cheapachán, dúirt an Dr Duffy: "Is deis iontach é a bheith bainteach leis an Ollscoil Teicneolaíochta nua don Iarthar agus an Iarthuaisceart de bhrí go n-athróidh sé rudaí ó bhun i dtéarmaí ardoideachais sa réigiún. Táim ag tnúth le bheith ag obair le comhghleacaithe sna trí institiúid ar an tionscadal seo."

Tugann an Dr Duffy taithí shuntasach bainistíochta in éineacht leis don phost, a fuair sé ó phríomhról a imirt i mbainistiú phróiseas an chónasctha. Faoi sin comhtháthadh Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga (TCK) le hInstitiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn in 2007.

Dúirt Uachtaráin GMIT, IT Shligigh agus IT Leitir Ceanainn, an Dr Orla Flynn, an Dr Brendan McCormack agus Paul Hannigan Uas. : " Is cúis gliondair dúinn duine de mhianach Sheáin a bheith ceaptha againn chun uaillmhian OT a threorú do Chomhghuaillíocht Chonnacht-Uladh. Tá an-taithí aige in earnáil IT mar aon le tiomantas láidir chun na trí Institiúid a thabhairt le chéile in aon ollscoil teicneolaíochta amháin."

## Deontas de €1.06m bronnta ar GMIT le haghaidh oibreacha caipitil agus trealaimh

Chuir Uachtarán GMIT, an Dr Orla Flynn, fáilte roimh fhógra an Aire Breisoideachais agus Ard-Oideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, deontas de €1,067,000 a bheith bronnta le haghaidh oibreacha caipitil agus trealaimh.

Is cuid é an cistiú, a cuireadh ar fáil tríd an Údarás um Ard-Oideachas, de phacáiste de €25m d'institiúidí ardoideachais chun solúbthacht a thabhairt do choláistí chun aghaidh a thabhairt ar infheistíocht chaipitil agus trealamh ar mhionscála ar a n-áirítear uasghráduithe ar bhonneagar, TF agus athnuachan trealaimh, agus uasghráduithe a bhaineann le fuinneamh. Ba chuid é an cistiú d'infheistíocht leanúnach san earnáil ardoideachais faoi Thionscadal Éireann 2040.

Dúirt an Dr Flynn: "Is tráthúil é an fógra inniu agus cuirtear fáilte roimhe. In GMIT cionroinnfimid an chuid is mó den chistiú i dtreo uasghrádú agus athchóiriú saoráidí atá ann cheana féin thar ár gcúig champas, ar a n-áirítear trealamh. Beidh muid ag breathnú ach go háirithe ar infheistíocht a dhéanamh i dtacaíocht dár dteagasc agus foghlaim ar líne."

Dúirt an tAire Simon Harris gur méadú suntasach é cistiú na bliana seo sa deontas caipitil déabhlóidithe d'earnáil an ardoideachais agus leathnú an deontais d'ollscoileanna den chéad uair le deich mbliana beagnach.

Head of Department for seven years. In 2018, he was appointed LYIT CUA Project Manager, leading the €2.85m HEA-funded iNOTE Project, a collaborative initiative to develop innovative digital opportunities which will transform higher education in the West and North-West of Ireland.

The Governing Body approves the Institute's risk management framework and monitors its effectiveness, approval, and oversight of GMIT's Risk Management Policy including structured and periodic reviews and updates to the Institute Corporate Risk Register by the Executive Management Team. This review includes an assessment of the principal risks, risk rating and associated mitigations for each of the risks set out in the Institute Corporate Risk Register.

## Audit and Risk Committee

The Terms of Reference for the Audit and Risk Committee are set by the Governing Body of the Institute and include provision regarding:

- Membership
- Reporting requirements
- Authority to investigate
- Meetings – timing, conduct and frequency
- Information requirements

- Luach ar airgead
- Rialachas agus freagrachtaí maidir le:
- Bainistiú riosca
- Rialú inmheánach
- Iniúchadh inmheánach
- Iniúchadh seachtrach
- Athbhreithniú ar a éifeachtacht féin

Tá Cathaoirleach an Bhord Rialaithe sásta gur chomhlíon an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a ról go héifeachtach agus gur chomhlíon sé na riachtanais maidir le minicíocht na gcruinnithe sa bhliain acadúil seo.
Féach Fíor 1.2 thíos le haghaidh sonraí na gcruinnithe a reáchtáladh le linn na bliana.

## Cruinnithe eile Coiste

Féach Fíor 1.2 thíos le haghaidh sonraí na gcruinnithe a reáchtáladh le linn na bliana.

### *Fíor 1.2: Freastal ar Chruinnithe le linn na bliana dar críoch 31 Lúnasa 2020*

| | Fochoiste Champas Mhaigh Eo | Fochoiste Airgeadais | Fochoiste EDI (Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú) | Fochoiste Iniúchóireachta agus Riosca |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na gCruinnithe** | 4 | 6 | 2 | 4 |
| Joe Cunningham | | | | 3/3 |
| David Leahy | | | | 3/4 |
| Cliona Pierse | | | | 4/4 |
| Jerry O' Leary | | | | 3/3 |
| Siobhan Kennedy | | | | 1/1 |
| Michael Maher | 4/4 | 6/6 | | |
| Michael Hannon | 3 /4 | 4/4 | | |
| Orla Flynn | | 2/2 | | |
| Michael Geoghegan | 2/4 | 4/6 | | |
| Paul Shelly | | 6/6 | | |
| Hannah Kiely | | 6/6 | | |
| Mary Howard | | 4/4 | | |
| Michael Lally | 4/4 | 2/2 | | |
| Maria Ruddy | | 2/2 | | |
| Mary McGinley | | | 2/2 | 4/4 |
| Anne Scott | | | 2/2 | |
| Jacqueline McCormack | | | 2/2 | |
| Jayne Cooley | | | 2/2 | |
| Michael Vaughan | | | 2/2 | |
| Cormac MacDonncha | 4/4 | | | |
| Gary Tobin | 2/3 | | | |
| Tom Grady | 1/1 | | | |
| Neville McClenaghan | 4/4 | | | |
| Clodagh Geraghty | 4/4 | | | |
| Mark Garavan | 4/4 | | | |
| Mike Devane | 4/4 | | | |
| Lorna Elms | 2/4 | | | |
| Peter Hynes | 4/4 | | | |
| Tom Canavan | 4/4 | | | |
| Kevin Higgins | 4/4 | | | |
| Catherine Donoghue | 0/4 | | | |
| Aaron Burke | 0/4 | | | |
| Tom Grady | 2/4 | | | |

Chuaigh téarma An Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in éag laistigh den bhliain. Léirítear é sin sna cumraíochtaí éagsúla sa tábla thuas.

- Value for money
- Governance and responsibilities regarding:
- Risk management
- Internal control
- Internal audit
- External audit
- Review of its own effectiveness

The Chairperson of the Governing Body is satisfied that the Audit and Risk Committee has discharged its role effectively and efficiently and has met the requirements with regard to frequency of meetings in this academic year. See figure 1.2 below for details of meetings held during the year.

## Other Committee Meetings

See figure 1.2 below for details of meetings held during the year.

***Figure 1.2: Meetings Attended during year ended 31 August 2020***

| | Mayo Campus Subcommittee | Finance Subcommittee | EDI (Equality, Diversity & Inclusion) Subcommittee | Audit and Risk Committee |
|---|---|---|---|---|
| **Number of Meetings** | 4 | 6 | 2 | 4 |
| Joe Cunningham | | | | 3/3 |
| David Leahy | | | | 3/4 |
| Cliona Pierse | | | | 4/4 |
| Jerry O' Leary | | | | 3/3 |
| Siobhan Kennedy | | | | 1/1 |
| Michael Maher | 4/4 | 6/6 | | |
| Michael Hannon | 3 /4 | 4/4 | | |
| Orla Flynn | | 2/2 | | |
| Michael Geoghegan | 2/4 | 4/6 | | |
| Paul Shelly | | 6/6 | | |
| Hannah Kiely | | 6/6 | | |
| Mary Howard | | 4/4 | | |
| Michael Lally | 4/4 | 2/2 | | |
| Maria Ruddy | | 2/2 | | |
| Mary McGinley | | | 2/2 | 4/4 |
| Anne Scott | | | 2/2 | |
| Jacqueline McCormack | | | 2/2 | |
| Jayne Cooley | | | 2/2 | |
| Michael Vaughan | | | 2/2 | |
| Cormac MacDonncha | 4/4 | | | |
| Gary Tobin | 2/3 | | | |
| Tom Grady | 1/1 | | | |
| Neville McClenaghan | 4/4 | | | |
| Clodagh Geraghty | 4/4 | | | |
| Mark Garavan | 4/4 | | | |
| Mike Devane | 4/4 | | | |
| Lorna Elms | 2/4 | | | |
| Peter Hynes | 4/4 | | | |
| Tom Canavan | 4/4 | | | |
| Kevin Higgins | 4/4 | | | |
| Catherine Donoghue | 0/4 | | | |
| Aaron Burke | 0/4 | | | |
| Tom Grady | 2/4 | | | |

The Audit and Risk Committee and Finance Subcommittee term expired within the year. This is reflected in the different divisors in the above table.

## Measúnacht Feidhmíochta an Bhord Rialaithe agus a Choistí

Tá an Bord Rialaithe tiomanta d'athbhreithnithe bliantúla a dhéanamh ar a éifeachtacht. Chuir Mazars athbhreithniú seachtrach i gcrích in Aibreán 2019. Cuireadh tús le Bord Rialaithe nua in Aibreán 2020 agus déanfar féinmheasúnú ar an mBord Rialaithe nua seo agus ar a fhochoistí sa Dara Ceathrú 2021.

## Fadhbanna Ginearálta Rialachais agus Cuntasachta

Is féidir le GMIT a dheimhniú nach bhfuil aon fhadhbanna rialachais agus cuntasachta ar mhaith leis an Institiúid a chur faoi bhráid an Aire Oideachais & Scileanna agus an ÚAO.

## Diúscairt Sócmhainne

Is féidir le GMIT a dheimhniú nach ndearnadh aon diúscairtí sócmhainní ná rochtain ar réadmhaoin ná bonneagar a thabhairt ar mhaithe le socruithe tráchtála le tríú páirtithe os cionn an tairseach de €150,000 a bhí faoi réir ag ceant ná próiseas tairisceana iomaíche le linn na bliana airgeadais.

## Forbairtí Tábhachtacha Tráchtálacha a bhaineann leis an Institiúid

Rinne GMIT, i gcomhar lena comhpháirtithe CCU, Institiúidí Shligigh agus Leitir Ceanainn, iarratas ar 21 Bealtaine 2021 le bheith ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta in 2021 a mbeadh mar thoradh air, má éiríonn leis, cumasc na dtrí institiúid.

## Achoimre ar na Bearta go léir Lasmuigh de Chlár Comhardaithe na hInstitiúide

Níor tharla Bearta airgeadais ar bith Lasmuigh den Chlár Comhardaithe le linn na bliana dar críoch 31 Lúnasa 2020.

## Cód Iompraíochta do Bhaill agus d'Fhostaithe

Is féidir le GMIT a dheimhniú gur cuireadh an Cód Iompraíochta do Bhaill agus d'Fhostaithe araon i bhfeidhm. I Meán Fómhair 2020 d'fhaomh an Bord Rialaithe Polasaí agus Gnáthamh Coinbhleachta Leasa GMIT. Cuimsíonn siad-sin polasaithe soiléire coinbhleachta leasa agus eitice in oifig phoiblí.

## Comhlíonadh Polasaí Rialtais maidir le Tuarastal an Uachtaráin agus Fostaithe Institiúide

Is féidir le GMIT a dheimhniú gur chomhlíon an Institiúid a cuid dualgas faoi pholasaí an Rialtais i dtaca le tuarastal an Uachtaráin agus fostaithe eile Institiúide.

Déan tagairt freisin le do thoil do na ráitis airgeadais, nochtadh nóta 9.

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Deimhníonn Cathaoirleach GMIT go bhfuil Treorlínte Tuarastail an Rialtais i dtaca le cibé ceapaithe a dhéanann freastal ar an mBord Rialaithe agus fochuideachtaí na hInstitiúide á gcomhlíonadh.

## Tuairisciú Nochta faoi Rún – An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Deimhníonn an Bord Rialaithe gur cuireadh gnáthaimh i bhfeidhm do Thuairisciú Nochta faoi Rún in GMIT. Ligeann na gnáthaimh seo d'fhostaithe ábhair imní a ardú maidir le mírialtachtaí féideartha i dtuairisciú airgeadais nó ábhair ar bith eile, mar aon le leanúint bhríoch ar ábhair a ardaítear ar an gcaoi sin a chinntiú. Tá an Tuairisciú Nochta faoi Rún atá i bhfeidhm in GMIT ag teacht leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Deimhníonn an Bord Rialaithe freisin gur foilsíodh an tuarascáil bhliantúil, a éilítear faoi alt 22(1) den Acht. Ní bhfuarthas aon nochtaí cosanta ó fhostaithe GMIT le linn na bliana.

## Dlíthe Cánach

Deimhníonn GMIT gur chomhlíon an Institiúid a cuid dualgas faoin dlí cánach. Déan tagairt le do thoil do na ráitis airgeadais, nochtadh nóta 11.

## Diospóidí Dlí

Tá miondealú ar na costais/réitigh dlí cuimsithe ar leathanach 9. Níl diospóidí dlí ar bith ag GMIT a bhaineann le Comhlachtaí Stáit eile.

## Performance Evaluation of the Governing Body and its Committees

The Governing Body is committed to performing annual reviews of its effectiveness. An external review was completed by Mazars in April 2019. A new Governing Body commenced in April 2020 and a self-assessment by this new Governing Body and its subcommittees will take place in Q2 2021.

## General Governance and Accountability Issues

GMIT can confirm that there are no governance and accountability issues that the Institute wishes to bring to the attention of the Minister for Education & Skills and the HEA.

## Asset Disposals

GMIT can confirm there were no disposals of assets or grants of access to property or infrastructure for commercial arrangements with third parties above the threshold of €150,000 which have not been subject to auction or competitive tendering process during the financial year.

## Commercially Significant Developments affecting the Institute

GMIT, in collaboration with its CUA partners Sligo and Letterkenny Institutes of Technology, made an application on 21st May 2021 for designation as a Technological University in 2021 which, if successful, would result in a merger of the three institutions.

## Summary of all Off-Balance Sheet Transactions of the Institute

There were no off-Balance Sheet financial transactions during the year ended 31 August 2020.

## Code of Conduct for Members and Employees

GMIT can confirm that a Code of Conduct for both Members and Employees has been implemented. In September 2020 the Governing Body approved the GMIT Conflict of Interest Policy and Procedure. These include clear conflict of interest and ethics in public office policies.

## Compliance with Government Policy on Pay of the President and Institute Employees

GMIT can confirm that the Institute has complied with its obligations under the Government policy on the pay of the President and all other Institute employees.

Please also refer to financial statements, disclosure note 9.

## Statement of Compliance

The Chairperson of GMIT confirms that Government Pay Guidelines are being complied with in respect of such appointees who serve on the Governing Body and any subsidiaries of the Institute.

## Confidential Disclosure Reporting – Protected Disclosures Act 2014

The Governing Body confirms that procedures for Confidential Disclosure Reporting have been implemented in GMIT. These procedures allow employees to raise concerns in confidence about possible irregularities in financial reporting or any other matters, as well as ensuring meaningful follow-up of matters raised this way. The Confidential Disclosure Reporting in place at GMIT is in line with the Protected Disclosures Act 2014. The Governing Body also confirms that the annual report, as required under section 22(1) of the Act, has been published. There were no protected disclosures received from employees of GMIT during the year.

## Tax Laws

GMIT can confirm that the Institute has complied with its obligations under tax law. Please also refer to financial statements, disclosure note 11.

## Legal Disputes

A breakdown of the legal costs/settlements is included on page 9. GMIT has no legal disputes involving other State Bodies.

## Fochuideachtaí na hInstitiúide

Tá fochuideachta amháin ag GMIT don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020, ach scoir sí den trádáil ar an dáta sin. Aistríodh an gnó do GMIT. Rinneadh fostaithe de GMIT d'fhostaithe uile na cuideachta. Baineann Cód Rialachais an ÚAO leis an bhfochuideachta. Cuirtear ráitis bhliantúla airgeadais ar fáil don Bhord Rialaithe.

## Cothromaíocht inscne, éagsúlachta, agus ionchuimsithe

Aithníonn GMIT an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht agus ionchuimsiú do na baill foirne agus neacha léinn uile de chuid na hInstitiúide. Chuige sin tá roinnt tionscnamh curtha i bhfeidhm ag an Institiúid a bhfuil mar aidhm acu timpeallacht ionchuimsitheach a chur chun cinn, ar a n-áirítear

- Bronnadh Gradam Cré-umha Athena SWAN ar GMIT i Márta 2021
- Creat Toilithe a chur i bhfeidhm (ar leanúint ó 2019)
- Bunú Líonra LBGT+ - & Foirne Chomhghuaillíochta – le seoladh i gCeathrú 1 2021 (obair leanúnach ó Cheathrú3 2020)
- Sraith imeachtaí agus aoi-chainteoirí chun an t-ionchuimsiú a chur chun cinn (ar leanúint ó Cheathrú 3 2019) ar a n-áirítear cláir imeachtaí chun Lá Domhanda na mBan, Lá Domhanda na bhFear, Lá Idirnaisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumais, Feasacht ar Idirghnéas etc. a cheiliúradh.

Maidir le ballraíocht an Bhord Rialaithe, cé gur féidir leis an Institiúid baint a bheith aici, agus go raibh baint aici leis an bpróiseas ceapacháin, déanann an Rialtas na cinntí ceapacháin. Mar a bhí ar 31 Lúnasa 2020, tá 9 mball bhaineanna (47%) agus 10 mball fhireanna (53%) ag an mBord Rialaithe. Dá bhrí sin comhlíonann an Bord Rialaithe sprioc an Rialtais go mbeadh íosmhéid de 40% ionadaíochta ag gach inscne i mballraíocht bhoird na gcomhlachtaí stáit.

Déan tagairt le do thoil d'Fhíor 1.1 le haghaidh liostáil bhaill an Bhoird Rialaithe.

## Taisteal agus Cothú

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Taisteal Intíre | 330,331 | 411,563 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | 294,721 | 444,198 |
| **Iomlán** | **625,052** | **855,761** |

## Caiteachas ar Fháilteachas

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Imeachtaí Foirne | 28,741 | 28,895 |
| Imeachta Neacha Léinn (costais a bhaineann le bronnadh céime as an áireamh) | 46,636 | 31,597 |
| Caiteachas Eile | 8,824 | 36,418 |
| **Iomlán** | **84,201** | **96,910** |

## Costais/Réitigh Dlí

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí Gairmiúla | 6,989 | 63,066 |
| Réitigh | - | - |
| **Iomlán** | **6,989** | **63,066** |

## Táillí Comhairliúcháin

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí Gairmiúla: Dlí | 6,989 | 63,066 |
| Táillí Gairmiúla: Comhairle chánach agus airgeadais | 57,331 | 70,444 |
| Táillí Gairmiúla: Caidreamh poiblí/margaíocht | 159,581 | 82,345 |
| Táillí Gairmiúla: Pinsin agus acmhainní daonna | 27,963 | 37,949 |
| Táillí Gairmiúla: Eile | 319,469 | 318,807 |
| **Iomlán** | **571,333** | **572,611** |

## Institute Subsidiaries

GMIT has one subsidiary for the year ended 31st August 2020, and it ceased to trade on that date. The business has been transferred to GMIT. All employees of the company have become employees of GMIT. The THEA Code of Governance applies to the subsidiary. Annual financial statements are provided to the Governing Body.

## Gender balance, diversity, and inclusion

GMIT recognises the importance of diversity and inclusion for all staff and students of the Institute. To that regard the Institute has implemented a number of initiatives aimed at further promoting an inclusive environment, including:

- GMIT Awarded Athena SWAN Bronze Award in March 2021
- Implementation of Consent Framework (ongoing since 2019)
- Establishment of LBGT+ & Allies Staff Network - to launch in Q2 2021 (work ongoing since Q3 2020)
- Series of events and guest speakers to promote inclusion (ongoing since Q3 2019) including programmes of events to celebrate International Women's Day, International Men's Day, International Day for People with Disabilities, Intersex Awareness etc.

With respect to the membership of the Governing Body, while the Institute can, and has, engaged in the appointments process, the appointment decisions are made by the Minister. As at 31st August 2020 the Governing Body had 9 (47%) female and 10 (53 %) male members. The Governing Body therefore meets the Government target of a minimum of 40% representation of each gender in the membership of boards of state bodies.

Please refer to Figure 1.1 for the listing of Governing Body members.

## Travel and Subsistence

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Domestic Travel | 330,331 | 411,563 |
| International Travel | 294,721 | 444,198 |
| **Total** | **625,052** | **855,761** |

## Hospitality Expenditure

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Staff Events | 28,741 | 28,895 |
| Student Events (excluding costs associated with conferring) | 46,636 | 31,597 |
| Other External | 8,824 | 36,418 |
| **Total** | **84,201** | **96,910** |

## Legal Costs/Settlements

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Professional Fees | 6,989 | 63,066 |
| Settlements | - | - |
| **Total** | **6,989** | **63,066** |

## Consultancy Fees

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Professional Fees: Legal | 6,989 | 63,066 |
| Professional Fees: Tax and financial advisory | 57,331 | 70,444 |
| Professional Fees: Public relations/marketing | 159,581 | 82,345 |
| Professional Fees: Pensions and human resources | 27,963 | 37,949 |
| Professional Fees: Other | 319,469 | 318,807 |
| **Total** | **571,333** | **572,611** |

## An Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais

Rinne an Bord Rialaithe an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a athbhreithniú agus a fhaomadh agus measann gur dearcadh fíor agus cothrom iad na Ráitis Airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais na hInstitiúide agus a riocht airgeadais ag deireadh na bliana.

## Ráiteas maidir le Freagracht na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach;
- Aon athrú tábhachtach ar chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Institiúid freagrach freisin as leabhair chearta chuntasaíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Deimhníonn GMIT go bhfuil an Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 mar atá cuimsithe sa Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta de chuid an ÚAO curtha i bhfeidhm agus go bhfuil gnáthaimh curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh leis an gCód seo a chinntiú. Tá GMIT comhlíontach go substaintiúil le Cód Rialachais an ÚAO don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020. Táthar ag súil le lánchomhlíonadh faoi dheireadh Ráithe4 2021.



**Cormac MacDonncha Uas.**
*Cathaoirleach, Bord Rialaithe GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021



**An Dr Orla Flynn**
*Uachtarán, GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021

## Annual Report and Financial Statements

The Governing Body has reviewed and approved the Annual Report and Financial Statements and considers the Financial Statements to be a true and fair view of the Institute's financial performance and its financial position at the end of the year.

## Statement of Responsibility of the Institute

The Institutes of Technology Acts 1992 to 2006 require the Institute to prepare Financial Statements in such form as may be approved by the Higher Education Authority and to submit them for audit to the Comptroller and Auditor General. In preparing these Financial Statements, the Institute is required to:

- Select suitable accounting policies and apply them consistently.
- Make judgements and estimates that are reasonable and prudent.
- Prepare Financial Statements on the going concern basis, unless it is inappropriate to presume that the Institute will continue in operation.
- Disclose and explain any material departures from applicable accounting standards.

The Institute is responsible for keeping adequate accounting records which disclose with reasonable accuracy at any time the financial position of the Institute and which enables it to ensure that the Consolidated Financial Statements comply with the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006.

The Institute is also responsible for safeguarding its assets and for taking reasonable steps for the prevention and detection of fraud and other irregularities.

## Statement of Compliance

GMIT confirms it has adopted the Code of Practice for the Governance of State Bodies, 2016 as encapsulated by the THEA Code of Governance for Institutes of Technology and has put procedures in place to ensure compliance with this Code. GMIT is substantially compliant with the THEA Code of Governance for year ended 31st August 2020. Full compliance is anticipated by end of Q4 2021.

**Mr Cormac MacDonncha**
*Chairman, GMIT Governing Body*

Date: 19th Nov 2021

**Dr Orla Flynn**
*President, GMIT*

Date: 19th Nov 2021

# Ráiteas maidir le Córas Rialaithe Inmheánaigh

## Raon na Freagrachta

Ar son Bhord Rialaithe GMIT admhaímid an fhreagracht atá orainn as córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil agus a oibriú san Institiúid agus as próisis agus gnáthaimh a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Léiríonn an fhreagrach sin riachtanais an Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) mar a chuimsítear i gCód Rialachais an ÚAO d'Institiúidí Teicneolaíochtaí é.

## Cuspóir leis an gCóras Rialuithe Inmheánaigh

Tá an córas rialuithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistí go dtí leibhéal inghlactha seachas é a dhíothú. Ní féidir leis an gcóras dá bhrí sin ach ráthaíocht réasúnta agus ní ráthaíocht iomlán a chur ar fáil go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus earráidí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Tá an córas rialuithe inmheánacha, atá de réir na treorach atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe, i bhfeidhm in GMIT don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020 agus go dtí an dáta inar faomhadh na ráitis airgeadais.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht Rialaithe Inmheánaigh

Rinne an Bord Rialaithe athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020.

## Nochtadh Sáruithe ar Rialú Inmheánach, Laige i Rialú Inmheánach agus Caillteanais Ábhartha nó Calaoisí

### *Laigí i Rialú Inmheánach:*

Tugadh aghaidh ar laigí i rialú inmheánach a sainaithníodh le linn na tréimhse, agus cuireadh gníomhaíochtaí rialaithe i bhfeidhm nó ar siúl ag deireadh na bliana. Níor sainaithníodh caillteanais nó míráitis ábhartha ar bith le linn na tastála neamhspleáiche a rinne na hiniúchóirí inmheánacha.

Tá cur síos ar laigí rialaithe sa tábla thíos.

| Réimse neamh-chomhlíontachta nó laigí i rialú inmheánach | Gníomhaíochtaí le déanamh chun comhlíontacht a bhaint amach nó laigí a cheartú | Dáta dlite nó dáta cur i bhfeidhm |
|---|---|---|
| Córais agus slándáil TF: Sainaithníodh laigí i rialachas TF | Coiste rialachais TF a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar phlean um chur i ngníomh. | An coiste bunaithe agus tharla an chéad chruinniú ar 30 Aibreán 2020 |
| Comhlíonadh Chód Rialachais an ÚAO d'Institiúidí Teicneolaíochta 2018 | Plean um chur i ngníomh chun comhlíonadh a chinntiú faoi dheireadh Cheathrú4 2021 | Ceathrú4 2021 |
| Tar éis achainí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne an Institiúid mionanailís ar an muirear dímheasa sócmhainní seasta. Sainaithníodh fadhb in áireamh dímheasa stairiúla ar na sócmhainní a aistríodh go GMIT ó CGOG in Eanáir 1993. | Mar thoradh ar an anailís, thug an Institiúid faoi deara go raibh tearc-dhímheas ar roinnt sócmhainní seasta agus amúchadh dá réir ar an deontas caipitil. Nochtadh coigeartú réamhbhliana sna ráitis airgeadais do 2017/18. Níor chuir sé isteach ar na cúlchistí ioncaim agus caiteachais. | Curtha i gcrích Deireadh Fómhair 2019 |
| Bhí suim de €9,000.00 i gceist le soláthar neamhchomhlíontach le linn na bliana dar críoch 31/08/20. | Déanann an oifig cheannacháin monatóireacht ar an gcaiteachas carnach ar bhonn atrátha d'fhonn tairseacha soláthair a chomhlíonadh. | Curtha i ngníomh le linn na bliana dar críoch 31 Lúnasa 2020 |
| D'oscail club 'Tionscnamh Glas' ar champas Chaisleán an Bharraigh GMIT cuntas bainc agus cuntas comharchreidmheasa in ainm na hInstitiúide, gan réamheolas ná faomhadh bhainistíocht GMIT chun é sin a dhéanamh. | • Cuntais le bheith dúnta<br>• Ba chóir don Institiúid athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar a polasaithe agus gnáthaimh maidir le cuntais bainc a oscailt in ainm na hInstitiúide. | • Márta 2019<br>• Curtha i gcrích Bealtaine 2020 |

# Statement on System of Internal Control

## Scope of Responsibility

On behalf of the Governing Body of GMIT we acknowledge our responsibility for ensuring that an effective system of internal controls is maintained and operated in the Institute and for putting in place processes and procedures for the purpose of ensuring that the system is effective. This responsibility reflects the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies (2016) as encapsulated by the THEA Code of Governance for Institutes of Technology.

## Purpose of the System of Internal Controls

The system of internal controls is designed to manage risk to an acceptable level rather than to eliminate it. The system can therefore only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions are authorised and properly recorded, and that material errors or irregularities are either prevented or detected in a timely way.

The system of internal controls, which accords with guidance issued by the Department of Public Expenditure and Reform, has been in place in GMIT for the year ended 31 August 2020 and up until the date of approval of the financial statements.

## Annual Review of the Effectiveness of Internal Control

The Governing Body conducted an annual review of the effectiveness of the system of internal control for the year ended 31 August 2020 on the 10th December 2020.

## Disclosure of Breaches in Internal Control, Weakness in Internal Control and Material Losses or Frauds

### *Weaknesses in internal control:*

Weaknesses in internal control that have been identified during the period have been addressed, with control actions put in place or in progress at the year end. No material losses or misstatements were identified during the course of independent testing carried out by the internal auditors.

Internal control weaknesses are outlined in the table.

| Area of non-compliance or weaknesses in internal control | Actions to be taken to attain compliance or correct weaknesses | Due date or date implemented |
|---|---|---|
| IT systems and security: weaknesses identified in IT governance | Establish IT governance committee to oversee implementation plan. | Committee established and first meeting took place on April 30th, 2020 |
| THEA Code of Governance for Institutes of Technology 2018 compliance | Implementation plan in place to ensure compliance by end of Q4 2021 | Q4 2021 |
| Following a request from the Comptroller and Auditor General, the Institute performed a detailed analysis of the fixed asset depreciation charge. An issue was identified on the historic depreciation calculation of assets transferred to GMIT from Galway VEC in January 1993. | As a result of the analysis, the Institute noted that there was an under depreciation of certain fixed assets with a corresponding under amortisation of the capital grant. A prior year adjustment was disclosed in the 2017/18 financial statements. There was no impact on the income and expenditure reserves. | Completed October 2019 |
| Non-compliant procurement during the year ended 31/08/20 amounted to €9,000.00. | Purchase office monitors cumulative spend on a rolling 12-month basis, to ensure compliance with procurement thresholds. | Implemented during the year ended 31st August 2020 |
| A 'Green Initiative' club on the GMIT Castlebar campus opened a bank account and a credit union account in the name of the Institute, without the prior knowledge or approval of GMIT management to do so. | • Accounts to be closed<br>• The Institute should review and update its existing policies and procedures for opening bank accounts in the name of the Institute. | • March 2019<br>• Completed May 2020 |

## Athbhreithniú ar an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh

Deimhnímid go ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord Rialaithe athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh d'fhonn a chinntiú go léiríonn sé go cruinn oibriú an chórais rialaithe le linn na tréimhse tuairiscithe.

## Timpeallacht Iomchuí Rialaithe

Tá cúram glactha ag Bord Rialaithe chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir
- Gnáthaimh agus rialacháin a fhorbairt a athbhreithnítear go rialta agus atá doiciméadaithe, curtha i ngníomh agus suas chun dáta
- Gnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun trí feidhmeanna coiste éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- Cultúr tréan cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht
- Gnáthaimh a bhunú chun clistí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach
- Glacadh agus cloí le Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas Chuideachtaí Stáit mar atá cuimsithe i gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta an ÚAO
- A chinntiú go gcuimsíonn an timpeallacht rialaithe Coiste gníomhach Iniúchóireachta agus Riosca, feidhm iniúchóireachta inmheánaí agus tuairisciú rialta don Bhord Rialaithe maidir le torthaí airgeadais

## Rioscaí Gnó

Tá próisis forbartha ag GMIT chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú. Déantar é sin ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear:

- Samhail Gníomhaíochtaí Bunriachtanacha & Próisis a fhorbairt chun cuidiú leis an mbainistíocht agus leis an mBord Rialaithe chun na príomhghníomhaíochtaí a shainaithint agus na próisis atá i bhfeidhm chun a oibríocht a bhainistiú go héifeachtach
- Polasaí Bainistithe Riosca a ghlacadh
- Príomhrioscaí, úinéirí riosca agus na rialaithe chun na rioscaí sin a mhaolú a shainaithint
- Spriocanna bliantúla agus téarma níos faide a fhorbairt agus tuairisciú maidir leis na torthaí a bhaintear amach
- Creat Rialaithe Inmheánaigh a chur i ngníomh
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an mBord Rialaithe
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe agus a choistí ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla a chuireann feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí in iúl
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sainithe go soiléir

## Córais Faisnéise

Tá roinnt Córas Bainistithe Faisnéise curtha i ngníomh ag GMIT d'fhonn bealach a chur ar fáil chun torthaí iarbhír a chur i gcomparáid le spriocanna agus réamhaisnéisí. Cuimsíonn na córais sin:

- Bainistíocht Airgeadais – Agresso
- Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Párolla - CoreHR
- Taisteal agus Speansais – CoreHR
- Riarachán Neacha Léinn – Banner
- Tráthchlárú – Syllabus
- Leabharlann – Koha

## Impleachtaí Airgeadais a Bhaineann le Mór-Rioscaí Gnó

Baineann GMIT úsáid as raon gníomhaíochtaí chun baol gníomhaíochta calaoise a laghdú. Cuimsíonn creatpholasaí rialaithe  inmheánaigh GMIT polasaithe scríofa agus gnáthaimh a éilíonn go ndéantar bearta a údarú i gceart agus a dhéanann soláthar i gcomhair scaradh dóthanach dualgas.

## Review of Statement of Internal Control

We confirm that the Statement on system of Internal Control is reviewed by the Audit and Risk Committee and the Governing Body to ensure it accurately reflects the control system in operation during the reporting period.

## Appropriate Control Environment

The Governing Body has taken steps to ensure an appropriate control environment is in place by:

- Clearly defining management responsibilities
- Developing procedures and regulations which are reviewed regularly and are documented, implemented and up to date
- Establishing formal procedures through various committee functions to monitor the activities and safeguard the assets of the organisation
- Developing a strong culture of accountability across all levels of the organisation
- Establishing procedures for reporting significant control failures and ensuring corrective action is taken
- Adopting and adhering to the Code of Practice for the Governance of State Bodies as encapsulated by the THEA Code of Governance for Institutes of Technology
- Ensuring the control environment includes an active Audit and Risk Committee, internal audit function and regular reporting to the Governing Body on financial results

## Business Risks

GMIT has developed processes to identify and evaluate business risks. This is achieved in a number of ways including:

- Developing an Essential Activities & Process Model to facilitate management and the Governing Body in identifying the key activities and the processes in place to manage its operations effectively
- Adoption of a Risk Management Policy
- Identifying key risks, risk owners and the controls to mitigate these risks
- Developing annual and longer-term targets and reporting on results achieved
- Implementation of an Internal Control Framework
- A comprehensive budgeting system with an annual budget which is reviewed and agreed by the Governing Body
- Regular reviews by the Governing Body and its committees of periodic and annual financial reports which indicate financial performance against forecasts
- Setting targets to measure financial and other performances
- Clearly defined capital investment control guidelines

## Information Systems

GMIT has implemented a number of Management Information Systems to provide a means of comparing actual results to targets and forecasts. These systems include:

- Financial Management – Agresso
- Human Resources and Payroll Management – CoreHR
- Travel and Expenses – CoreHR
- Student Administration – Banner
- Timetabling – Syllabus
- Library – Koha

## Financial Implications of Major Business Risks

GMIT employs a range of actions to reduce the potential for fraudulent activity. GMIT's internal control policy framework includes written policies and procedures requiring transactions to be properly authorised and providing for sufficient segregations of duties.

## Comhlíonadh Rialacha agus Treoirlínte Soláthair

Deimhnímid go bhfuil Plean Corparáideach Soláthair curtha i bhfeidhm ag an Institiúid atá á gcur i ngníomh d'fhonn comhlíonadh le Treoirlínte Poiblí Soláthair agus treoir ábhartha a d'fhéadfadh an Oifig Solathair an Rialtais (OGP), an tSeirbhís Soláthair Oideachais (EPS) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe. Níor sainaithníodh sáruithe ar bith ar na treoirlínte sin le linn na bliana, cés moite de chaiteachas neamhchomhlíontach de €9,000.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chóras Rialaithe Inmheánaithe

Deimhnímid go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag GMIT chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a gnáthaimh bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chóras rialaithe inmheánaigh ag brath ar obair Fheidhmeannacht agus Bhainistíocht na hInstitiúide a ghlacann freagracht as forbairt agus coinneáil an chreat rialaithe inmheánaigh, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, na nIniúchóirí Inmheánacha agus ráitis a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Mar thoradh ar thionchar na paindéime COVID-19, rinne Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh-Eo mionathrú ar roinnt de na gnáthaimh oibríochtúla d'fhonn tacú le riachtanais leanúnachais ghnó. Chumasaigh na gnáthaimh sin leanúnachas éifeachtach na seirbhísí uile le linn do thimpeallacht éifeachtach rialaithe a choinneáil. Tá Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh-Eo sásta gur coinníodh rialuithe éifeachtacha trí na thimthrialta beartaíochta ábhartha go léir. Maidir le soláthar acadúil, chinntigh úsáid chomhaontaithe struchtúir agus próisis chianteagaisc éigeandála samhail chumasctha seachadta oideachais a choinneáil de réir na gcaighdeán acadúil faofa is gá.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag GMIT atá seachfhoinsithe, de réir na dTéarmaí Tagartha d'Iniúchóireacht Inmheánach, atá faofa ag an mBord Rialaithe, agus Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta an ÚAO.

**Sínithe ar son an Bhord Rialaithe:**



**Cormac MacDonncha Uas.**
*Cathaoirleach, Bord Rialaithe GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021



**An Dr Orla Flynn**
*Uachtarán, GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021

## Compliance with Procurement Rules and Guidelines

We confirm that the Institute has a Corporate Procurement Plan and procedures in place that are being implemented to ensure compliance with Public Procurement Guidelines and relevant guidance that may be issued by the Office of Government Procurement (OGP), the Education Procurement Service (EPS) and the Department of Public Expenditure and Reform. There were no breaches of these guidelines identified during the year, with the exception of non-compliant expenditure of €9,000.

## Review of the Effectiveness of the Internal Control System

We confirm that GMIT has procedures to monitor the effectiveness of its risk management and control procedures. The Governing Body's monitoring and review of the effectiveness of the system of internal control is informed by the work of the Institute Executive and Management who have responsibility for the development and maintenance of the internal control framework, the Audit and Risk Committee, the Internal Auditors and comments made by the Comptroller and Auditor General in his management letter.

As a result of the impact of COVID-19 pandemic several operational procedures were modified by Galway-Mayo Institute of Technology in order to support business continuity requirements. These procedures have enabled effective continuation of all services while at the same time maintaining an effective control environment. The Galway-Mayo Institute of Technology is satisfied that effective controls have been maintained through all relevant transaction cycles. In relation to academic provision the deployment of agreed emergency remote teaching structures and processes has ensured that a blended education delivery model has been maintained to the required and approved academic standards.

GMIT has an outsourced internal audit function, which is in accordance with the Internal Audit Terms of Reference approved by the Governing Body and the THEA Code of Governance for Institutes of Technology.

**Signed on behalf of the Governing Body:**



**Mr Cormac MacDonncha**
*Chairman, GMIT Governing Body*

Date: 19th Nov 2021



**Dr Orla Flynn**
*President, GMIT*

Date: 19th Nov 2021

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas comhdhlúite agus Institiúide ar ioncam uileghabhálach
- an ráiteas comhdhlúite agus Institiúide ar athruithe i gcúlchistí agus cuntas caipitil
- an ráiteas comhdhlúite agus Institiúide ar an riocht airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, ar a n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus riocht airgeadais an Ghrúpa agus na hInstitiúide ar 31 Lúnasa 2019 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch sin de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

#### *Bunús le mo thuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhorais Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuairisc seo. Táim neamhspleách ar an Institiúid agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla atá orm de réir na gcaighdeán sin.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuaireas chun bunús a chur ar fáil le mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an Institiúid faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sí sin ráiteas ar rialachas corparáide agus ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt i dtaca le faisnéis dá leithéid, agus ar ábhair áirithe eile a dtuairiscím trí eisceacht, san aguisín don tuairisc seo.

Níl aon cheo le tuairisciú agam ina leith sin.

**Andrew Harkness**
**Ar son agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**24 Samhain 2021**

# Report of the Comptroller and Auditor General

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Galway-Mayo Institute of Technology

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Galway-Mayo Institute of Technology for the year ended 31 August 2020 as required under the provisions of the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006. The financial statements comprise

- the consolidated and Institute statement of comprehensive income
- the consolidated and Institute statement of changes in reserves and capital account
- the consolidated and Institute statement of financial position
- the consolidated statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the group and of the Institute at 31 August 2020 and of the income and expenditure of the group and of the Institute for the year then ended in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Institute and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Institute has presented certain other information together with the financial statements. This comprises a corporate governance statement and a statement on the system internal control.

My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in regard to those matters.

**Andrew Harkness**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**24 November 2021**

## Aguisín don tuairisc

### Freagrachtaí bhaill an Bhord Rialaithe

Leagann ráiteas ar fhreagrachtaí na hInstitiúide freagrachtaí bhaill an Bhord Rialaithe amach:

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibe acu an i ngeall ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é mo fhreagrachtsa ná ráitis airgeadais na hInstitiúide a iniúchadh de réir na nAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 agus tuairisc orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, is é an aidhm a bhíonn agam ráthaíocht réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha i ngeall ar chalaois nó earráid. Is ardleibhéal ráthaíochta í ráthaíocht réasúnta, ach ní ráthaíocht í go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAs i gcónaí an míshonrú nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt as calaois nó earráid ach ní mheastar iad a bheith ábhartha ach amháin, ina n-aonar nó go comhiomlán, dá bhféadfaí a cheapadh go n-imreoidís tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais.

Mar chuid den iniúchadh de réir na n-ISAanna, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh na hiniúchóireachta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cibé acu i ngeall ar chalaois nó earráid; dearaim agus déanaim gnáthaimh iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus aimsím fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a chur ar fáil le haghaidh mo thuairime. Is airde an riosca nach mbraithfear míshonrú ábhartha i ngeall ar chalaois ná i ngeall ar earráid, de bhrí go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d’aon turas, mífhaisnéis, nó sáraitheacht ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Aimsím tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann go hábhartha leis an iniúchadh d’fhonn gnáthaimh iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní ar mhaithe le tuairisc a nochtadh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán agus na nochtaí gaolmhara.
- Conclúidím ar oiriúnacht bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta atá aimsithe, cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d’fhéadfadh amhras a tharraingt ar chumas na hInstitiúide chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Tá orm aird a dhíriú i mo thuairisc ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil nochtaí dá leithéid leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta atá faighte suas go dtí dáta mo thuairisce. Ach d’fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí sa todhchaí a bheith ina gcúis le nach leanfadh an Institiúid ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair foriomlán, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, ar a n-áirítear na nochtaí, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbheartanna bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd a bhfuil an rialachas mar chúram orthu maidir le, i measc ábhar eile, raon beartaithe agus tráthúlacht na hiniúchóireachta agus na gcinntí suntasacha iniúchóireachta, ar a n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith i rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta.

#### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní luaim foirm chonclúide ráthaíochta ar bith ina leith.

Maidir le m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na hISAanna an fhaisnéis eile a chuirtear ar fáil a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cibé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fhaightear le linn na hiniúchóireachta, nó má tá an chuma air ar aon slí eile a bheith míshonraithe go hábhartha. Má chonchlúidím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míshonrú ábhartha na faisnéise eile sin ann, tá orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m’iniúchadh maidir leis na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann cistiú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus a n-oibríocht. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an gcaoi inar láimhseáladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn na hiniúchóireachta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nach raibh idirbheartanna de réir na n-údarás a rialaíonn iad. Tuairiscím trí eisceacht freisin, de réir mo thuairime,

- mura bhfuaireas an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach do m’iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach chun ligean do na ráitis airgeadais a bheith iniúchta go héasca agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis an taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas Comhdhlúithe agus Institiúide ar Ioncam Uileghabhálach

## An bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020

| | Nóta | Comhdhlúite 2020 €'000 | Institiúid 2020 €'000 | Comhdhlúite 2019 €'000 | Institiúid 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais stáit | 3 | 35,382 | 35,382 | 31,127 | 31,127 |
| Táillí teagaisc agus cion tairbhe neach léinn | 4 | 23,155 | 23,155 | 22,777 | 22,777 |
| Deontais taighde & conarthaí | 5 | 4,660 | 4,660 | 4,665 | 4,665 |
| Cistiú tacaíochta neach léinn | 7 | 888 | 888 | 900 | 900 |
| Ioncam eile | 8 | 3,695 | 3,726 | 4,009 | 4,042 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | 22 | 3,505 | 3,505 | 3,089 | 3,089 |
| Scaoileadh ioncaim ar ghlanluach diúscairtí de réir na leabhar | 22 | - | - | 1 | 1 |
| Ioncam ó ús | | 1 | 1 | 7 | 7 |
| Lónadóireacht | | 712 | - | 1,384 | - |
| Cistiú iarchurtha pinsin | 27 | 16,751 | 16,650 | 16,378 | 16,255 |
| **Ioncam iomlán** | | **88,749** | **87,967** | **84,337** | **82,863** |
| | | | | | |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 9 | 51,871 | 51,290 | 49,078 | 48,328 |
| Costais sochair scoir | 27 | 16,751 | 16,650 | 16,378 | 16,255 |
| Costais oibriúcháin eile | 10 | 12,830 | 12,480 | 13,690 | 13,002 |
| Dímheas | 13-16 | 3,507 | 3,505 | 3,099 | 3,089 |
| **Caiteachas iomlán** | | **84,959** | **83,925** | **82,245** | **80,674** |
| | | | | | |
| **Barrachas roimh cháin** | | **3,790** | **4,042** | **2,092** | **2,189** |
| Cánachas | | - | - | - | - |
| **Barrachas roimh ghnóthachain agus caillteanais eile** | | **3,790** | **4,042** | **2,092** | **2,189** |
| | | | | | |
| Laghdú ar dhliteanais pinsin de bharr scor | 27 | 4,527 | 4,527 | 4,683 | 4,683 |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais phlean | 27 | (1,248) | (1,277) | (6,798) | (6,797) |
| Athruithe i dtoimhdí atá mar bhunús le luach faoi láthair na n-oibleagáidí sochair scoir | 27 | 4,085 | 4,066 | (38,634) | (38,453) |
| **Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha iomlána sa bhliain** | | **7,364** | **7,316** | **(40,749)** | **(40,567)** |
| | | | | | |
| Coigeartú ar chistiú sochar scoir iarchurtha | 27 | (7,364) | (7,316) | 40,749 | 40,567 |
| | | | | | |
| **Ioncam uileghabhálach iomlán don bhliain** | 12 | **3,790** | **4,042** | **2,092** | **2,189** |

Cuimsíonn an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Uileghabhálach na gnóthachain agus na caillteanais a aithnítear sa bhliain. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Nótaí 1 go 31.

**Sínithe ar son an Bhord Rialaithe:**

**Cormac MacDonncha Uas.**
*Cathaoirleach, Bord Rialaithe GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021

**An Dr Orla Flynn**
*Uachtarán, GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021

# Consolidated and Institute Statement of Comprehensive Income

## Year ended 31 August 2020

| | Note | Consolidated 2020 €'000 | Institute 2020 €'000 | Consolidated 2019 €'000 | Institute 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Income** | | | | | |
| State grants | 3 | 35,382 | 35,382 | 31,127 | 31,127 |
| Tuition fees and student contribution | 4 | 23,155 | 23,155 | 22,777 | 22,777 |
| Research grants and contracts | 5 | 4,660 | 4,660 | 4,665 | 4,665 |
| Student support funding | 7 | 888 | 888 | 900 | 900 |
| Other income | 8 | 3,695 | 3,726 | 4,009 | 4,042 |
| Amortisation of deferred capital grants | 22 | 3,505 | 3,505 | 3,089 | 3,089 |
| Release income on net book value of disposals | 22 | - | - | 1 | 1 |
| Interest income | | 1 | 1 | 7 | 7 |
| Catering | | 712 | - | 1,384 | - |
| Deferred pension funding | 27 | 16,751 | 16,650 | 16,378 | 16,255 |
| **Total income** | | **88,749** | **87,967** | **84,337** | **82,863** |
| | | | | | |
| **Expenditure** | | | | | |
| Staff costs | 9 | 51,871 | 51,290 | 49,078 | 48,328 |
| Retirement benefit costs | 27 | 16,751 | 16,650 | 16,378 | 16,255 |
| Other operating costs | 10 | 12,830 | 12,480 | 13,690 | 13,002 |
| Depreciation | 13-16 | 3,507 | 3,505 | 3,099 | 3,089 |
| **Total expenditure** | | **84,959** | **83,925** | **82,245** | **80,674** |
| | | | | | |
| **Surplus before tax** | | **3,790** | **4,042** | **2,092** | **2,189** |
| Taxation | | - | - | - | - |
| **Surplus before other gains and losses** | | **3,790** | **4,042** | **2,092** | **2,189** |
| | | | | | |
| Reduction in pension liabilities arising from retirements | 27 | 4,527 | 4,527 | 4,683 | 4,683 |
| Experience gains / (losses) on plan liabilities | 27 | (1,248) | (1,277) | (6,798) | (6,797) |
| Changes in assumptions underlying the present value of retirement benefit obligations | 27 | 4,085 | 4,066 | (38,634) | (38,453) |
| **Total actuarial gains / (losses) in the year** | | **7,364** | **7,316** | **(40,749)** | **(40,567)** |
| | | | | | |
| Adjustment to deferred retirement benefits funding | 27 | (7,364) | (7,316) | 40,749 | 40,567 |
| | | | | | |
| **Total comprehensive income for the year** | 12 | **3,790** | **4,042** | **2,092** | **2,189** |

The Consolidated Statement of Comprehensive Income includes all gains and losses recognised in the year.

Notes 1 to 31 form part of these Financial Statements.

**Signed on behalf of the Governing Body:**

**Mr Cormac MacDonncha**
*Chairman, GMIT Governing Body*

Date: 19th Nov 2021

**Dr Orla Flynn**
*President, GMIT*

Date: 19th Nov 2021

# Ráiteas Comhdhlúite agus Institiúide ar Athruithe i gCúlchistí agus Cuntas Caipitil

## An bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020

| | *Nóta 22* Comhdhlúite Deontais Chaipitil Iarchurtha €000s | *Nóta 22* Institiúid Deontais Chaipitil Iarchurtha €000s | *Nóta 23* Comhdhlúite Cúlchiste Chaipitil Forbartha €000s | *Nóta 23* Institiúid Cúlchiste Chaipitil Forbartha €000s | *I & E* Comhdhlúite Cúlchistí Ioncaim €000s | *I & E* Institiúid Cúlchistí Ioncaim €000s | Comhdhlúite Iomlán €000s | Institiúid Iomlán €000s |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid Tosaigh ar 1 Meán Fómhair 2018** | 56,951 | 56,951 | 8,333 | 8,333 | (2,189) | (2,373) | 63,095 | 62,911 |
| Barrachas don bhliain roimh Leithghabhálacha | - | - | - | - | 2,092 | 2,189 | 2,092 | 2,189 |
| Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha | (3,089) | (3,089) | - | - | - | - | (3,089) | (3,089) |
| Deontas Stáit Cionroinnte do Chaipiteal | 3,081 | 3,081 | - | - | - | - | 3,081 | 3,081 |
| Díscríobh sócmhainní i mbun tógála | (78) | (78) | - | - | - | - | (78) | (78) |
| Scaoileadh Ioncaim ó dhiúscairtí ar ghlanluach na leabhar | (1) | (1) | - | - | - | - | (1) | (1) |
| Aistriú ón gcúlchiste forbartha caipitil | - | - | (59) | (59) | 59 | 59 | - | - |
| **Gluaiseacht don Tréimhse** | (87) | (87) | (59) | (59) | 2,151 | 2,248 | 2,005 | 2,102 |
| **Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2019** | 56,864 | 56,864 | 8,274 | 8,274 | (38) | (125) | 65,100 | 65,013 |

| | *Nóta 22* Comhdhlúite Deontais Chaipitil Iarchurtha €000s | *Nóta 22* Institiúid Deontais Chaipitil Iarchurtha €000s | *Nóta 23* Comhdhlúite Cúlchiste Chaipitil Forbartha €000s | *Nóta 23* Institiúid Cúlchiste Chaipitil Forbartha €000s | *I & E* Comhdhlúite Cúlchistí Ioncaim €000s | *I & E* Institiúid Cúlchistí Ioncaim €000s | Comhdhlúite Iomlán €000s | Institiúid Iomlán €000s |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid Tosaigh ar 1 Meán Fómhair 2019** | 56,864 | 56,864 | 8,274 | 8,274 | (38) | (125) | 65,100 | 65,013 |
| Barrachas don bhliain roimh Leithghabhálacha | - | - | - | - | 3,790 | 4,042 | 3,790 | 4,042 |
| Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha | (3,505) | (3,505) | - | - | - | - | (3,505) | (3,505) |
| Deontas Stáit Cionroinnte do Chaipiteal | 6,196 | 6,196 | - | - | - | - | 6,196 | 6,196 |
| Aistriú ó Chúlchiste Forbartha Caipitil | 626 | 626 | (751) | (751) | 125 | 125 | - | - |
| **Gluaiseacht don Tréimhse** | 3,317 | 3,317 | (751) | (751) | 3,915 | 4,167 | 6,481 | 6,733 |
| **Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2020** | 60,181 | 60,181 | 7,523 | 7,523 | 3,877 | 4,042 | 71,581 | 71,746 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Nótaí 1 go 31.

**Sínithe ar son an Bhord Rialaithe:**



**Cormac MacDonncha Uas.**
*Cathaoirleach, Bord Rialaithe GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021



**An Dr Orla Flynn**
*Uachtarán, GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021

# Consolidated and Institute Statement of Changes in Reserves and Capital Account

## Year ended 31 August 2020

| | Note 22 Consolidated Deferred Capital Grants €000s | Note 22 Institute Deferred Capital Grants €000s | Note 23 Consolidated Capital Development Reserve €000s | Note 23 Institute Capital Development Reserve €000s | I & E Consolidated Revenue Reserves €000s | I & E Institute Revenue Reserves €000s | Consolidated Total €000s | Institute Total €000s |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Opening Balance at 1 September 2018** | 56,951 | 56,951 | 8,333 | 8,333 | (2,189) | (2,373) | 63,095 | 62,911 |
| Surplus for the Year before Appropriations | - | - | - | - | 2,092 | 2,189 | 2,092 | 2,189 |
| Amortisation of Deferred Capital Grants | (3,089) | (3,089) | - | - | - | - | (3,089) | (3,089) |
| State Grant Allocated to Capital | 3,081 | 3,081 | - | - | - | - | 3,081 | 3,081 |
| Write down assets in course of construction | (78) | (78) | - | - | - | - | (78) | (78) |
| Release Income on net book of disposals | (1) | (1) | - | - | - | - | (1) | (1) |
| Transfer from capital development reserve | - | - | (59) | (59) | 59 | 59 | - | - |
| **Movement for the Period** | (87) | (87) | (59) | (59) | 2,151 | 2,248 | 2,005 | 2,102 |
| **Balance at 31 August 2019** | 56,864 | 56,864 | 8,274 | 8,274 | (38) | (125) | 65,100 | 65,013 |

| | Note 22 Consolidated Deferred Capital Grants €000s | Note 22 Institute Deferred Capital Grants €000s | Note 23 Consolidated Capital Development Reserve €000s | Note 23 Institute Capital Development Reserve €000s | I & E Consolidated Revenue Reserves €000s | I & E Institute Revenue Reserves €000s | Consolidated Total €000s | Institute Total €000s |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Opening Balance at 1 September 2019** | 56,864 | 56,864 | 8,274 | 8,274 | (38) | (125) | 65,100 | 65,013 |
| Surplus for the Year before Appropriations | - | - | - | - | 3,790 | 4,042 | 3,790 | 4,042 |
| Amortisation of Deferred Capital Grants | (3,505) | (3,505) | - | - | - | - | (3,505) | (3,505) |
| State Grant Allocated to Capital | 6,196 | 6,196 | - | - | - | - | 6,196 | 6,196 |
| Transfer from Capital Development Reserve | 626 | 626 | (751) | (751) | 125 | 125 | - | - |
| **Movement for the Period** | 3,317 | 3,317 | (751) | (751) | 3,915 | 4,167 | 6,481 | 6,733 |
| **Balance at 31 August 2020** | 60,181 | 60,181 | 7,523 | 7,523 | 3,877 | 4,042 | 71,581 | 71,746 |

Notes 1 to 31 form part of these Financial Statements.

**Signed on behalf of the Governing Body:**

**Mr Cormac MacDonncha**
*Chairman, GMIT Governing Body*

Date: 19th Nov 2021

**Dr Orla Flynn**
*President, GMIT*

Date: 19th Nov 2021

# Ráiteas Comhdhlúite agus Institiúide ar an Riocht Airgeadais

## An bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020

| | Nóta | Comhdhlúite 2020 €'000 | Institiúid 2020 €'000 | Comhdhlúite 2019 €'000 | Institiúid 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra & trealamh | 13-16 | 60,183 | 60,181 | 56,868 | 56,864 |
| | | **60,183** | **60,181** | **56,868** | **56,864** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Fardal | | 4 | - | 4 | - |
| Infháltais | 18 | 6,881 | 6,904 | 4,395 | 4,320 |
| Airgead agus Cóibhéisí Airgid | 19 | 16,453 | 16,444 | 12,273 | 12,092 |
| | | **23,338** | **23,348** | **16,672** | **16,412** |
| Lúide Suimeanna Iníoctha: méideanna dlite laistigh de 1 bhliain | 20 | (11,940) | (11,783) | (8,440) | (8,263) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **11,398** | **11,565** | **8,232** | **8,149** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **71,581** | **71,746** | **65,100** | **65,013** |
| **Soláthar do Shuim & Táillí:** | | | | | |
| **Sochair Scoir** | | | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 27 | 316,931 | 315,294 | 304,840 | 303,277 |
| Sócmhainn cistithe sochair scoir iarchurtha | 27 | (316,931) | (315,294) | (304,840) | (303,277) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **71,581** | **71,746** | **65,100** | **65,013** |
| Deontais chaipitil iarchurtha | 22 | 60,181 | 60,181 | 56,864 | 56,864 |
| Cúlchiste Caipitil Forbartha | 23 | 7,523 | 7,523 | 8,274 | 8,274 |
| | | **7,523** | **7,523** | **8,274** | **8,274** |
| **Cúlchistí Neamhshrianta** | | | | | |
| Cúlchiste Ioncaim & caiteachais | | 3,877 | 4,042 | (38) | (125) |
| **Iomlán** | | **71,581** | **71,746** | **65,100** | **65,013** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Nótaí 1 go 31.

**Sínithe ar son an Bhord Rialaithe:**



**Cormac MacDonncha Uas.**
*Cathaoirleach, Bord Rialaithe GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021



**An Dr Orla Flynn**
*Uachtarán, GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021

# Consolidated and Institute Statement of Financial Position

## Year ended 31 August 2020

| | Note | Consolidated 2020 €'000 | Institute 2020 €'000 | Consolidated 2019 €'000 | Institute 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fixed assets** | | | | | |
| Property, Plant & Equipment | *13-16* | 60,183 | 60,181 | 56,868 | 56,864 |
| | | **60,183** | **60,181** | **56,868** | **56,864** |
| **Current assets** | | | | | |
| Inventory | | 4 | - | 4 | - |
| Receivables | *18* | 6,881 | 6,904 | 4,395 | 4,320 |
| Cash and cash equivalents | *19* | 16,453 | 16,444 | 12,273 | 12,092 |
| | | **23,338** | **23,348** | **16,672** | **16,412** |
| Less payables: amounts due within one year | *20* | (11,940) | (11,783) | (8,440) | (8,263) |
| **Net current assets** | | **11,398** | **11,565** | **8,232** | **8,149** |
| **Total assets less current liabilities** | | **71,581** | **71,746** | **65,100** | **65,013** |
| **Provision for Amount & Charges:** | | | | | |
| **Retirement benefits** | | | | | |
| Retirement benefit obligations | *27* | 316,931 | 315,294 | 304,840 | 303,277 |
| Deferred retirement benefit funding asset | *27* | (316,931) | (315,294) | (304,840) | (303,277) |
| **Total net assets** | | **71,581** | **71,746** | **65,100** | **65,013** |
| Deferred state capital grants | *22* | 60,181 | 60,181 | 56,864 | 56,864 |
| Capital development reserve | *23* | 7,523 | 7,523 | 8,274 | 8,274 |
| | | **7,523** | **7,523** | **8,274** | **8,274** |
| **Unrestricted reserves** | | | | | |
| Income and expenditure reserve | | 3,877 | 4,042 | (38) | (125) |
| **Total** | | **71,581** | **71,746** | **65,100** | **65,013** |

Notes 1 to 31 form part of these Financial Statements.

**Signed on behalf of the Governing Body:**



**Mr Cormac MacDonncha**
*Chairman, GMIT Governing Body*

Date: 19th Nov 2021



**Dr Orla Flynn**
*President, GMIT*

Date: 19th Nov 2021

# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid

## An bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Glansreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Breis ag caiteachas thar ioncam | 3,790 | 2,092 |
| Dímheas ar shócmhainní seasta | 3,507 | 3,099 |
| Díscríobh ar shócmhainní seasta | - | 16 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | (3,505) | (3,089) |
| Laghdú ar fhardail | - | 2 |
| (Méadú) ar infháltais | (2,233) | (2,004) |
| Méadú ar Iníocaíochtaí | 3,533 | 56 |
| Ioncam ó ús | (1) | (7) |
| Deontais Chaipitil Faighte | 5,944 | 2,745 |
| **Glaninsreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **11,035** | **2,910** |
| **Sreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra & trealamh a fháil | (6,856) | (3,007) |
| **Glansreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | **(6,856)** | **(3,007)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | |
| Ús faighte | 1 | 7 |
| **Glansreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais** | **1** | **7** |
| **Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead agus ar chóibhéisí airgid sa bhliain** | **4,180** | **(90)** |
| Airgead agus ar chóibhéisí airgid ar 1 Meán Fómhair | 12,273 | 12,363 |
| **Airgead agus ar chóibhéisí airgid ar 31 Lúnasa** | **16,453** | **12,273** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Nótaí 1 go 31.

**Sínithe ar son an Bhord Rialaithe:**



**Cormac MacDonncha Uas.**
*Cathaoirleach, Bord Rialaithe GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021



**An Dr Orla Flynn**
*Uachtarán, GMIT*

Dáta: 19 Samhain 2021

# Consolidated Statement of Cashflows

## Year ended 31 August 2020

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Net cash flow from operating activities** | | |
| Excess income over expenditure | 3,790 | 2,092 |
| Depreciation of fixed assets | 3,507 | 3,099 |
| Write down of fixed assets | - | 16 |
| Amortisation of deferred capital grants | (3,505) | (3,089) |
| Decrease in inventories | - | 2 |
| (Increase) in receivables | (2,233) | (2,004) |
| Increase in payables | 3,533 | 56 |
| Interest income | (1) | (7) |
| Capital Grants Received | 5,944 | 2,745 |
| **Net cash inflow from operating activities** | **11,035** | **2,910** |
| **Cash flows from investing activities** | | |
| Payments to acquire property, plant & equipment | (6,856) | (3,007) |
| **Net cash flows from investing activities** | **(6,856)** | **(3,007)** |
| **Cash flows from financing activities** | | |
| Interest received | 1 | 7 |
| **Net cash flows from financing activities** | **1** | **7** |
| **Net increase/(decrease) in cash equivalents in the year** | **4,180** | **(90)** |
| Cash and cash equivalents at 1 September | 12,273 | 12,363 |
| **Cash and cash equivalents at 31 August** | **16,453** | **12,273** |

Notes 1 to 31 form part of these Financial Statements.

**Signed on behalf of the Governing Body:**

**Mr Cormac MacDonncha**
*Chairman, GMIT Governing Body*

Date: 19th Nov 2021

**Dr Orla Flynn**
*President, GMIT*

Date: 19th Nov 2021

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020

## 1. Polasaithe suntasacha cuntasaíochta

Tá achoimre déanta thíos ar na polasaithe cuntasaíochta a meastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimpi.

### *Faisnéis ghinearálta agus ráiteas comhlíontachta*

Is é príomhchuspóir na hInstitiúide ná oideachas gairme agus teicniúil agus oiliúint a chur ar fáil d'fhorbairt eacnamaíochta, teicneolaíochta, eolaíochta, tráchtala, tionsclaíochta, sóisialta agus chultúrtha an stáit agus tagairt ar leith don réigiún a ndéanann an Institiúid freastal air.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcomhghnás stairiúil costais, agus i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 a d'eisigh an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais, agus a fógraíodh lena úsáid in Éirinn ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus le riachtanais an Údaráis um Ard-Oideachas.

Is é an Euro airgeadra feidhmeach Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo de bhrí gurb é sin airgeadra na timpeallachta príomhúla eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn an Institiúid. Cuirtear na ráitis chomhdhlúite airgeadais i láthair in Euro freisin. Cuimsítear oibríochtaí eachtracha de réir na bpolasaithe atá leagtha amach thíos.

### *Bunús an chomhdhlúite*

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an ghrúpa ráitis airgeadais na hInstitiúide agus a cuid fochuideachtaí a rinneadh suas go dtí 31 Lúnasa 2019.

De réir mar is gá, déantar coigeartuithe ar ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí chun na polasaithe cuntasaíochta a úsáidtear a bheith ar aon dul leo siúd a úsáideann an grúpa. Déantar gach idirbheart, iarmhéid, ioncam agus costas idirghrúpa a dhíothú leis an gcomhdhlúthú.

### *Gnóthas Leantach*

Tá an Bord Rialaithe sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an Institiúid chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a mbeidh siad dlite don todhchaí intuartha. Dá bhrí sin, leanann siad de bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta a ghlacadh agus na ráitis bhliantúla airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá roinnt gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm ag GMIT chun feabhas a chur ar a feidhmíocht airgeadais de réir na bpleananna airgeadais cúig bliana a d'fhaomh an Bord Rialaithe ar bhonn rothlach bliantúil. Ar na bearta sin tá tionscnaimh atá nasctha le plean straitéiseach GMIT (2019-2023) amhail forbairt leanúnach an oideachais ar feadh an tsaoil, forbairt cláir agus tacaíochtaí don struchtúr ilchampais.

### *Réadmhaoin, gléasra & trealamh*

*(i) Talamh agus Foirgnimh*

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag a gcostas nó luacháil, glan ar dhímheas agus soláthar ar bith do lagú. Rinneadh foirgnimh a aistríodh ó CGO na Gaillimhe nuair a bunaíodh GMIT a luacháil ar a gcostas athsholáthair dímheasta ar 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe thosaigh) agus rinneadh dímheas orthu ar bhonn a saolré inúsáidte fanta de 29 bliain ón dáta sin. Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn seasta inláimhsithe agus talamh ruílse, ag rátaí atá ríofa chun costas nó luacháil a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, gach sócmhainne ar bhonn dronlíne thar a saolré inúsáidte ionchais, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh ruílse | 50 bliain |

Seasann luach iarmharach don méid measta a gheofaí ó dhiúscairt sócmhainne faoi láthair, tar éis na costais mheasta diúscairte a bhaint as, dá mbeadh an aois agus riocht na sócmhaine mar a mbeadh súil leis ag deireadh a saolré fónta.

# Notes to the Financial Statements

For the year ended 31 August 2020

## 1. Significant accounting policies

The accounting policies which are considered material in relation to the financial statements are summarised below. They have all been applied consistently throughout the year and to the preceding year.

### *General information and statement of compliance*

The primary objectives of the Institute is to provide vocational and technical education and training for the economic, technological, scientific, commercial, industrial, social and cultural development of the state with particular reference to the region served by the Institute.

The financial statements have been prepared under the historical cost convention, and in accordance with generally accepted accounting principles and comply with applicable Financial Reporting Standard 102 (FRS 102) issued by the Financial Reporting Council and with the requirements of the HEA.

The functional currency under FRS 102 for Galway-Mayo Institute of Technology is considered to be Euro because that is the currency of the primary economic environment in which the Institute operates. The Consolidated Financial Statements are also presented in Euro. Foreign operations are included in accordance with the policies set out below.

### *Basis of consolidation*

The group financial statements consolidate the financial statements of the Institute and its subsidiary undertakings made up to 31 August 2020.

Where necessary, adjustments are made to the financial statements of subsidiaries to bring the accounting policies used into line with those used by the group. All intra-group transactions, balances, income, and expenses are eliminated on consolidation.

### *Going concern*

The Governing Body is satisfied that the Institute has adequate resources to meet its obligations as they fall due for the foreseeable future. Thus, they continue to adopt the going concern basis of accounting in preparing the annual financial statements.

GMIT has taken a number of actions to improve its financial performance in accordance with the five-year financial plans approved by the Governing Body on a rolling annual basis. These measures include initiatives linked to GMIT's strategic plan (2019-2023) such as continued development of lifelong learning, programme development and supports for the multi-campus structure.

### *Property, plant & equipment*

*(i) Land and buildings*

Tangible fixed assets are stated at cost or valuation, net of depreciation and any provision for impairment. Buildings which were transferred from Galway VEC on the establishment of GMIT were valued on a depreciated replacement cost on 1st January 1993 (date of commencement order) and were depreciated on the basis of their remaining useful life of 29 years from that date. Depreciation is provided on all remaining tangible fixed assets and freehold land at rates calculated to write off the cost or valuation, less estimated residual value, of each asset on a straight-line basis over its expected useful life, as follows:

Freehold buildings 50 years

Residual value represents the estimated amount which would currently be obtained from disposal of an asset, after deducting estimated costs of disposal, if the asset were already of the age and in the condition expected at the end of its useful life.

*(ii) Trealamh*

Déantar trealamh a chosnaíonn níos lú ná €3,000 in aghaidh na míre aonair a dhíscríobh don chuntas ioncaim agus caiteachais i mbliain a fála. Áit a mbíonn míreanna aonair trealaimh a cheannaítear faoin teorainn chaipitlithe (€3,000) agus an sonrasc iomlán ceannacháin os cionn na teorann, déantar na míreanna sin a chaipitliú ar an ngnáthshlí. Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ar a gcostas. Déantar trealamh caipitlithe a dhímheas thar a shaolré inúsáidte eacnamaíochta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus feistí, réamhdhéantáin san áireamh | 10 mbliana |
| Trealamh ríomhaire | 3 bliana |
| Gléasra & innealra | 10 mbliana |
| Troscán &Trealamh | 5 bliana |
| Feithiclí mótair | 5 bliana |

Déantar gach trealamh a maoiníodh ó dheontais taighde agus conarthaí a dhímheas thar shaol na sócmhainní ag teacht leis an bpolasaí do gach Sócmhainn Sheasta eile.

### *Fardal*

Cuimsíonn fardal stoc ceaintín, agus déantar é a luacháil ag an gcostas is ísle agus glanluach infhaighte. Cuirtear caiteachas ar leabhair agus stoc inchaite de mhuirear don chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

### *Lagú Sócmhainní*

Déantar sócmhainní, seachas iad siúd a thomhaistear ar luach cóir, a mheasúnú le haghaidh táscairí lagaithe ar dháta gach clár comhardaithe. Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú, aithnítear caillteanas lagaithe in ioncam agus caiteachas mar a bhfuil cur síos air thíos.

### *Sócmhainní Airgeadais*

Le haghaidh sócmhainní airgeadais a luaitear ar a gcostas amúchta, is é méid an lagaithe ná an difríocht idir méid iompartha na sócmhainne agus an luach faoi láthair atá ar shreafa airgid measta sa todhchaí, lascainithe de réir chéad ráta éifeachtach úis na sócmhainne airgeadais.

Le haghaidh sócmhainní airgeadais a iompraítear ar chostas lúide lagú, is é an costas lagaithe ná an difríocht idir méid iompartha na sócmhainne agus an meastachán is fearr ar an méid a gheofaí ar an tsócmhainn dá ndíolfaí í ar an dáta tuairiscithe.

Áit a mbíonn táscairí le haghaidh laghdú i gcaillteanas lagaithe, agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn i ndiaidh gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a thástáil chun an t-aisiompú a chinneadh. Déantar caillteanas lagaithe a aisiompú ar shócmhainn airgeadais lagaithe aonair a mhéid nach mbíonn mar thoradh ar an luach athbhreithnithe infhaighte méid iompartha athbhreithnithe níos airde ná an luach iompartha mura n-aithneofaí lagú.

### *Cánachas*

*(i) Cáin Chorparáideach*

Mar charthanas díolmhaithe, ní dhlitear cáin chorparáideach ná cáin ioncaim ar aon cheann dá cuid gníomhaíochtaí carthanachta. Tá sí cláraithe le haghaidh cháin bhreisluacha, ach de bhrí gur gníomhaíocht dhíolmhaithe é soláthar oideachais nach ngearrtar cáin aschuir ar bith  uirthi, níl sí in ann cáin ionchuir a aisghabháil ar an gcuid is mó dá cuid ceannachán. Titeann roinnt gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála laistigh den Institiúid isteach i líonra CB, cuireann an Institiúid  aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtai sin ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

*(ii) Cánachas Iarchurtha*

I bhfochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanais acu agus atá faoi dhliteanas cánach corparáidí dá bhrí sin, aithnítear cánacha iarchurtha i dtaca le gach difríocht uainithe a d'eascair ach nach bhfuil aisiompaithe ar dháta an chlár comhardaithe. Déantar soláthar de réir na rátaí a mbítear ag súil a bheith ag feidhmiú nuair a aisiompaíonn na difríochtaí uainithe. Is éard is difríochtaí uainithe ann ná na difríochtaí idir brabús incháinithe agus na torthaí mar atá luaite sna ráitis airgeadais a eascraíonn as cuimsiú gnóthachain agus caillteanais i mbrabús incháinithe i ndifríocht na tréimhse idir iad siúd ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Breathnaítear ar ghlansócmhainn  cánach iarchurtha mar in-aisghabhála agus, dá bhrí sin, nach n-aithnítear ach amháin, ar bhonn gach fianaise atá ar fáil, gur féidir breathnú air a bheith níos dóchúla ná a mhalairt go mbeadh brabús oiriunach cánach asar féidir aisiompú na difríochtaí uainithe bunúsacha sa todhchaí a bhaint.

*(ii) Equipment*

Equipment costing less than €3,000 per individual item is written off to the income and expenditure account in the year of acquisition. Where individual items of equipment purchased are below the capitalisation limit (€3,000) and the total purchase invoice is in excess of the limit, these items are individually capitalised in the normal way. All other equipment is capitalised at cost. Capitalised equipment is depreciated over its useful economic life as follows:

| | |
|---|---|
| Fixtures & fittings including prefabs | 10 years |
| Computer equipment | 3 years |
| Plant & machinery | 10 years |
| Furniture & Equipment | 5 years |
| Motor vehicles | 5 years |

All equipment funded from research grants and contracts is depreciated over the life of the assets in line with the policy for all other fixed assets.

### *Inventory*

Inventory comprises canteen stock. Inventory is valued at the lower of cost and net realisable value. Expenditure on books and consumable stock is charged to the income and expenditure account as incurred.

### *Impairment of assets*

Assets, other than those measured at fair value, are assessed for indicators of impairment at each balance sheet date. If there is objective evidence of impairment, an impairment loss is recognised in income and expenditure as described below.

### *Financial assets*

For financial assets carried at amortised cost, the amount of an impairment is the difference between the asset's carrying amount and the present value of estimated future cash flows, discounted at the financial asset's original effective interest rate.

For financial assets carried at cost less impairment, the impairment loss is the difference between the asset's carrying amount and the best estimate of the amount that would be received for the asset if it were to be sold at the reporting date.

Where indicators exist for a decrease in impairment loss, and the decrease can be related objectively to an event occurring after the impairment was recognised, the prior impairment loss is tested to determine reversal. An impairment loss is reversed on an individual impaired financial asset to the extent that the revised recoverable value does not lead to a revised carrying amount higher than the carrying value had no impairment been recognised.

### *Taxation*

*(i) Corporation tax*

As an exempt charity, the Institute is not liable for corporation tax or income tax on any of its charitable activities. It is registered for value added tax (VAT), but since the supply of education is an exempt activity on which no output tax is charged it is unable to recover input tax on the majority of its purchases. Certain research and commercial activities within the Institute fall into the VAT net; any input or output tax relating to these activities is returned to the Revenue by the Institute.

*(ii) Deferred taxation*

In subsidiary companies, who do not hold a charitable status and are therefore liable to corporation tax, deferred taxation is recognised in respect of all timing differences that have originated but not reversed at the balance sheet date. Provision is made at the rates expected to apply when the timing differences reverse. Timing differences are differences between taxable profits and results as stated in the financial statements that arise from the inclusion of gains and losses in taxable profits in period's different from those in which they are recognised in the financial statements.

A net deferred tax asset is regarded as recoverable and therefore recognised only when, on the basis of all available evidence, it can be regarded as more likely than not that there will be suitable taxable profits from which the future reversal of the underlying timing differences can be deducted.

### *Aitheantas Ioncaim*

*(i) Deontais Stáit*

Aithnítear deontais athfhillteacha stáit ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfuarthas iad. Déileáltar le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard Oideachas nó ó chomhlachtaí eile i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais iarchurtha caipitil agus déantar iad a amúchadh ag teacht le dímheas thar shaol na sócmhainní. Tugtar cuntas ar Dheontais Chaipitil Stáit de réir an mhúnla feidhmíochta.

*(ii) Ioncam ó Tháillí*

Tugtar cuntas ar ioncam ó tháillí ar bhonn fabhraithe.

*(iii) Deontais Taighde agus Conarthaí*

Déantar ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí a mheaitseáil le caiteachas agus cuimsítear é in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Is iad na bearta is coitianta dá leithéid ná:

- *Tabhartais gan srianta*
  Cuimsíonn tabhartais gan srianta suimeanna a thugtar don Institiúid mar airgead nó sócmhainn gan srian ar bith maidir le cén úsáid ba cheart a bhaint as an tabhartas. Déantar tabhartais dá leithéid a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ar theidlíocht don ioncam.

- *Tabhartais le srianta*
  Déantar tabhartais le srianta a thaifeadadh laistigh den Ráiteas ar Ioncam Uileghabhálach ar theacht i dteidlíocht don ioncam. Coinnítear an t-ioncam srianta i gcúlchiste srianta sealadach go dtí go dtabhaítear an caiteachas de réir na srianta.

- *Deontais taighde ó fhoinsí neamhrialtais*
  Aithnítear ioncam ó fhoinsí neamhrialtais sa Ráiteas ar Ioncam Uileghabhálach nuair a chomhlíontar na coinníollacha feidhmíochta. Más tá srian ar úsáid ach gan coinníollacha feidhmíochta a bheith leis, déantar an t-ioncam a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam Uileghabhálach nuair a bhíonn an Institiuid i dteideal an ioncaim.

Coinnítear deontais le coinníollacha feidhmíochta neamhchomhlíonta mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha agus ag an bpointe sin déantar an t-ioncam a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam Uileghabhálach.

Déantar tabhartais le srianta a thaifeadadh laistigh den Ráiteas ar Ioncam Uileghabhálach ar theacht i dteidlíocht don ioncam agus coinnítear iad laistigh de chúlchiste srianta go dtí go dtabhaítear an caiteachas de réir na srianta.

*(iv) Mionoibreacha Caipitil*

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach d'fhonn freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile. I ngach cás aithnítear cistiú Mionoibreacha Caipitil sa tréimhse ina bhfuarthas é.

*(v) Ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha*

Déantar gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha a chur chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleadh é.

### *Sochair fhostaí*

*(i) Sochair Scoir*

Bronntar teidlíochtaí pinsin gach ball foirne a earcaíodh roimh 1 Eanáir 2013 faoi Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015 (ESSS 2015). Oibrítear an scéim pinsin ar bhonn Íoc-Mar-A-Úsáidtear agus coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá maoiniú.

Oibríonn an Institiúid freisin Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe í le haghaidh seirbhíseach poiblí a ceapadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013 de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Íocann an Institiúid ranníochtaí bhaill na Scéime aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe (RCPA).

Léiríonn na costais pinsin a ghearrtar mar mhuirear do chaiteachas i mbliain na sochair a thuilleann fostaithe reatha le linn na bliana agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an Institiúid i dtaca le (i) Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015 agus (ii) an Scéim Aonair agus tarchuirtear iad chuig RCPA. Aithnítear suim a fhreagraíonn don chostas pinsin mar ioncam.

## *Recognition of income*

*(i) State Grants*

Recurrent state grants from the HEA and other bodies are recognised in the period in which they are receivable. Capital grants from the HEA or other state bodies received in respect of the acquisition or construction of fixed assets are treated as deferred State Capital Grants and amortised in line with the depreciation over the life of the assets. State Capital Grants for land are accounted for in accordance with the performance model.

*(ii) Fee Income*

Fee income is accounted for on an accruals basis.

*(iii) Research grants and contracts*

Income from research grants and contracts is matched to expenditure and included in the income of the year in which the related expenditure has been incurred, unless the grant has performance related conditions or restrictions associated with it. The most common classes of such transactions are:

- *Donations with no restrictions*
  Donations with no restrictions include amounts given to the Institute by way of cash or assets with no restriction as to how the donation should be used. Such donations are recorded in the Statement of Income and Expenditure on entitlement to the income.

- *Donations with restrictions*
  Donations with restrictions are recorded within the Statement of Income & Expenditure on entitlement to the income. The restricted income received is held in the temporarily restricted reserve until such time that the expenditure is incurred in accordance with the restrictions.

- *Research grants from non-government sources*
  Income from grants from non-government sources is recognised in the Statement of Income and Expenditure when performance related conditions are met. If a restriction is in use but no performance related condition exists, the income is recorded in the Statement of Comprehensive Income when the Institute becomes entitled to the income.

Grants with unfulfilled performance related conditions are held as deferred income until such time as the conditions are met, at which point the income is recorded in the Statement of Comprehensive Income.

Grants with restrictions are recorded within the Statement of Comprehensive Income on entitlement to the income and subsequently retained within a restricted reserve until such time that the expenditure is incurred in line with the restriction.

*(iv) Minor Capital Works*

The Minister for Education and Skills introduced a scheme to devolve responsibility to the Institute for Summer and other Capital Works. In all cases Minor Capital Works funding is recognised in the period received.

*(v) Income from short-term deposits*

All income from short-term deposits is credited to the income and expenditure account in the period in which it is earned.

## *Employee benefits*

*(i) Retirement Benefits*

Pension entitlements of staff recruited prior to 1 January 2013 are conferred under a defined benefit pension scheme established under the Education Sector Superannuation Scheme 2015 (ESSS 2015). The scheme is operated on a "pay-as-you-go" basis, with superannuation deductions made from employees being retained by the Institute as an agreed part of its funding.

The Institute also operates the Single Public Service Pension Scheme ("Single Scheme"), which is the defined benefit scheme for pensionable public servants appointed on or after 1 January 2013 in accordance with the Public Service Pensions (Single Scheme and Other Provisions) Act 2012. Single Scheme members' contributions are paid over by the Institute to the Department of Public Expenditure and Reform (DPER).

Pension costs charged to expenditure in the year reflect the benefits earned by current employees during the year and are shown net of staff pension contributions which, in respect of (i) the ESSS 2015, are retained by the Institute and (ii) the Single Scheme, are remitted to DPER. An amount corresponding to the pension cost is recognised as income.

Is ionann dliteanais pinsin agus an luach faoi láthair atá ag íocaíochtaí pinsin na todhchaí atá tuillte go dáta. Léiríonn an tsócmhainn chistithe sochair scoir an t-ionchas go leanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna de phinsin agus cnapshuim scoir a íoc de réir mar a mbíonn siad dlite.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ag an Institiúid ón Údarás um Ard-Oideachas.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na hInstitiúide i dtaca lena foireann reatha amháin agus cistiú gaolmhar ar bith eile. Aithnítear na costais a bhaineann le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Ní chuirtear san áireamh dliteanais pinsin iarfhostaithe a bhfuil pinsin á bhfáil acu. De bhrí go ngearrtar íocaíochtaí do chuntas leithghabhála na Roinne Oideachais agus Scileanna léirítear an laghdú i ndliteanas a eascraíonn ó na baill a théann ar scor le linn na bliana mar ghnóthachan ó thaithí. Tomhaistear dliteanais scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

Tá rogha ag baill foirne fochuideachta (foireann *GMIT Catering Company CLG*) dul isteach i scéim pinsin na hearnála poiblí.

*(ii) Sochair Ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear na sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas ar an Riocht Airgeadais. Ní bhíonn fabhrú ar bith i leith pá saoire i gceist don fhoireann acadúil ag deireadh na bliana i ngeall ar nádúr a gcuid conarthaí.

### *Oibleagáid Sochair Scoir*

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis an luacháil achtúireach faoina n-aithnítear na suimeanna sna ráitis airgeadais a shocrú (ar a n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí agus rátaí mortlaíochta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar chúinsí reatha eacnamaíochta, agus le haghaidh athruithe ábhartha ar bith ar na téarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Féadfaidh iad seo a leanas cur isteach ar na toibhdí sin:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha d'ard-cháilíocht.

(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, cúinsí an mhargaidh saothair sa todhchaí.

### *Airgeadra eachtrach*

Déantar bearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh de réir an ráta malartaithe ar dháta an bhirt. Tuairiscítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ar dháta an chláir chomhardaithe de réir na rátaí malartaithe atá i bhfeidhm ar an dáta sin.

### *Léasanna*

Muirearaítear cíosanna faoi léasanna oibriúcháin ar bhonn dronlíne thar théarma an léasa, fiú mura ndéantar na híocaíochtaí ar bhonn dá leitheid.

### *Deontais Chaipitil Stáit Iarchurtha*

